



Oideachas Caidrimh agus Gnásasachta Bliain 3

Deartha chun tacú le gearrchúrsa OSPS na
Sraithe Sóisearaí (2023)

Gníomhaíochtaí
chun tacú le
teagasc Churaclam
nuashonraithe
OSPS na Sraithe
Sóisearaí 2023



An Roinn Oideachais
Department of Education



NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curraim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment





Is faoi stiúir na Roinne Oideachais a forbraíodh an t-aonad foghlama seo, le tacaíocht ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Tá buíochas ar leith tuillte ag na scoláirí, ag na múinteoirí agus ag na scoileanna a bhí páirteach i bpíolótú na ngníomhaíochtaí.

Foilsithe: 2025



Clár na nÁbhar:

Réamhrá	2
Gníomhaíochtaí foghlama	5
Tascanna Measúnaithe	6
Gníomhaíocht 1 – Na meáin shóisialta agus féinmheas	7
Gníomhaíocht 2 – Róil agus ionchais inscne	13
Gníomhaíocht 3 – Ní ghabhfar leithscéal!	19
Gníomhaíocht 4 – Tionchar an chultúir choitinn	31
Gníomhaíocht 5 – Pornagrafaíocht: Cén dochar?	40
Gníomhaíocht 6 – Coiscíní agus frithghiniúint	47
Gníomhaíocht 7 – Ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha	56
Gníomhaíocht 8 – Gníomhaíocht ghnéasach níos sábháilte	64
Gníomhaíocht 9 – Ná bíodh aiféala ort!	70
Gníomhaíocht 10 – An t-iomlán a thabhairt le chéile	76

Réamhrá

Is é aidhm an OSPS mar atá leagtha amach i sonraíocht OSPS an CNCM don tSraith Shóisearach:

féinfheasacht agus féinfhiúntas dearfach an dalta a fhorbairt; an t-eolas, an tuiscint, na scileanna, na meonta agus na luachanna a fhorbairt a chuirfidh ar a chumas saol sásúil sláintiúil a chaitheamh: cur ar a chumas caidrimh mheasúla cheanúla, leis féin agus le daoine eile, a chruthú, a chothú agus a choinneáil: agus cur lena chumas cur go dearfach leis an tsochaí.

Is cuid lárnach den OSPS é an tOideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG). Tá tábhacht ar leith leis do dhaoine óga ag an gcéim seo dá saol, agus ciall á baint acu as eispéiris, as teachtaireachtaí, as íomhánna agus as eolas faoi chaidrimh agus faoin ngnéasacht ó raon foinsí amhail a bpiaraí, na meáin agus foinsí ar líne. Cé gur féidir leis na rudaí sin go léir a bheith úsáideach, is féidir leo a bheith mar bhunús le faisnéis mhícheart, mhíthreorach nó fiú dhochrach. Tá sé tábhachtach mar sin go bhfaigheann daoine óga deiseanna chun caidrimh agus saincheistanna gnéasachta a phlé go sábháilte sa bhaile, sa scoil agus i suímh chuí eile.

Tacaítear leis an bhfoghlaim ar fad san OSPS le trí ghné thrasearnálacha atá mar bhunús le teagasc agus foghlaim éifeachtach san OSPS: **feasacht, idirphlé,** agus **machnamh agus gníomhaíocht**. Tá sé tábhachtach go mbíonn deiseanna á gcruthú ag na múinteoirí le haghaidh na ndaltaí ar bhealach comhfhiúrach féinfheasacht níos mó a bheith acu orthu féin agus feasacht níos mó a bheith acu ar dhaoine eile; ceachtanna a dhearadh lena spreagtar idirphlé sa seomra ranga; agus daltaí a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar a bhfuil á fhoghlaim acu agus ar a bhfuil i gceist lena saol anois nó sa todhchaí.

Tá na gníomhaíochtaí san acmhainn seo ailínithe le raon torthaí foghlama laistigh de Shraith 3 de churacclam OSPS na sraithe sóisearaí, (Caidrimh agus gnéasacht), agus Sraith 1 (Tuiscint orm féin agus ar dhaoine eile). Tógann siad ar an bhfoghlaim ar tugadh aghaidh fúithi in Aonaid 1 agus 2 OCG. Tá na gníomhaíochtaí go léir deartha lena múineadh agus tagairt á déanamh do fhorbairt an CNCM. Cuimsíonn sí treoir maidir le OSPS a theagasc ar bhealach sábháilte agus éifeachtach, agus tugtar treoracha le haghaidh acmhainní breise.

Úsáid a Bhaint as an Acmhainn

Is treoirlíne amháin iad na gníomhaíochtaí laistigh de OCG 3. Tá gach seomra ranga difriúil agus is iad na múinteoirí is fearr atá in ann cinneadh a dhéanamh faoi na rudaí is éifeachtaí ina seomra ranga.

Soláthraíonn an acmhainn seo go leor smaointe agus gníomhaíochtaí chun plé agus foghlaim a spreagadh, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó ná ceacht amháin ag teastáil ó roinnt topaicí. Ag brath ar riachtanais do dhaltaí agus an t-am atá ar fáil, féadfaidh tú a roghnú na gníomhaíochtaí a oiriúnú de réir mar is cuí. Tosaíonn gach ceacht le gníomhaíocht spreagtha oscailte, agus deis ina dhiaidh sin chun léargais ar an ábhar a iniúchadh agus a fhorbairt, agus



críochnaíonn gach ceacht le machnamh ar bhrí na foghlama do shaol na ndaltaí, cibé acu anois nó don todhchaí.

Gníomhaíochtaí 1-5: Tugann na chéad chúig ghníomhaíocht deis do na daltaí fiosrú faoina dtuiscint ar a nádúr féin agus iad ag bogadh tríd an ógántacht, agus faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tionchair shóisialta agus chultúrtha orthu féin agus ar a bpiaraí. Féachann na gníomhaíochtaí sin freisin ar chineál insneach an tionchair sin agus ar an gcaoi a léirítear é sa saol laethúil, lena n-áirítear gníomhartha ciaptha ghnéasaigh uaireanta. Déantar an téama sin a fhorbairt tuilleadh trí bhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a léirítear caidrimh rómánsúla/dhlútha laistigh den phopcheol, agus críochnaíonn sé le hiniúchadh ar thionchar na pornagrafaíochta ar thuiscint, ionchais agus noirm shóisialta daoine óga i ndáil le caidrimh ghnéis.

Gníomhaíochtaí 6-9: Mar ullmhúchán do chinntí faoi ghníomhaíocht ghnéasach i saol an duine fhásta, tugann na gníomhaíochtaí seo aghaidh ar chuid de na cúinsí mothúchána agus fisiciúla ábhartha atá le cur san áireamh, lena n-áirítear úsáid coiscín agus frithghiniúna, feacht STI agus cleachtais ghnéis níos sábháilte. Cuireann na gníomhaíochtaí béim ar raon fachtóirí a d'fhéadfadh an seans is fearr a thabhairt do dhuine fásta óg chun nach cúis aiféala é a gcéad teagmháil ghnéasach.

Gníomhaíocht 10: Tugann an ghníomhaíocht deiridh deis don dalta machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim ar fud na gníomhaíochtaí go léir agus ar an gcaoi a mbaineann sé lena shaol.

Físeáin: Le linn na ngníomhaíochtaí, liostaítear gearrthóga físe a mholtar. Tá sé rithábachtach réamhamharc a thabhairt orthu sin agus iad a úsáid i gcomhréir le riachtanais foghlama na ndaltaí agus beartais scoile. Le himeacht ama d'fhéadfadh nach mbeadh fáil ar chuid de na gearrthóga seachtracha sin, ach ba cheart go mbeadh sé éasca acmhainní malartacha, ábhartha, ar líne a chur ina n-ionad.

Na Scoláirí a Ullmhú: Baineann gach dalta leas as a fhios a bheith acu cad a bheidh siad a fhoghlaim agus conas a bheidh an ceacht ag dul chun cinn. Chun tacú le daltaí gan bheith ag mothú chomh himníoch céanna agus go bhfuil níos mó smachta acu, d'fhéadfadh sé a bheith ina chuidiú gníomhaíochtaí foghlama atá le teacht a phlé roimh ré. Beidh sé ina chuidiú bunrialacha a chomhaontú ag tús na scoilbhliana agus athchuart a thabhairt orthu sula múintear go gcuirfidh an t-aonad seo le teagasc agus foghlaim níos rathúla.

Acmhainní OCG do thuismitheoirí: Sraith leabhrán ó FSS is ea Making the 'Big Talk' many small talks a bhfuil sé aidhm léi tacú le comhráite idir tuismitheoirí agus leanaí faoi chaidrimh agus faoi fhorbairt shláintiúil ghnéasachta. Faoi láthair, tá trí leabhrán i gcló le haghaidh tuismitheoirí/cúramóirí leanaí idir 4–7, 8–12, agus idir 13–18 mbliana d'aois. Tá gach a bhfuil thuas ar fáil le hordú agus le híoslódáil, i mBéarla agus i nGaeilge, ó www.healthpromotion.ie agus le híoslódáil ó www.sexualwellbeing.ie.

Nóta: Rinneadh ábhar míochaine agus dlíthiúil laistigh de RSE 3 a phromhadh sular foilsíodh é (2025) ach tá sé faoi réir athraithe. Is chun críocha oideachais amháin atá an fhaisnéis go léir laistigh den acmhainn agus níor cheart í a léirmhíniú mar chomhairle dlí nó leighis.

Snáithe	Torthaí foghlama (TFanna)
Tuiscint a fháil orm féin agus ar dhaoine eile	1.2 machnamh a dhéanamh ar a láidreachtaí agus a luachanna pearsanta agus ar an gcaoi a gcuireann siad iad sin i gcaidrimh 1.3 raon na dtionchar agus na n-eispéireas saoil ar féidir leo tionchar a imirt ar fhéiniomhú agus ar fhéinmheas a iniúchadh agus bealaí a aithint chun mothú dearfach féinfhiúntais a chothú 1.5 machnamh a dhéanamh ar chothromas inscne agus ar an tionchar a bhíonn ag steiréitíopaí inscne ar ionchais, ar iompar agus ar chaidrimh
Caidrimh agus gnéasacht	3.3 comharthaí de chaidrimh shláintiúla, mhíshláintiúla agus mhí-úsáide a aithint 3.4 tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le teorainneacha sláintiúla a leagan síos i gcaidrimh agus smaoineamh ar conas meas a léiriú ar theorainneacha daoine eile 3.5 machnamh a dhéanamh ar cé chomh tábhachtach is atá sé aire a thabhairt dá sláinte atáirgthe 3.7 iniúchadh a dhéanamh ar na brúnna atá ann maidir le caidreamh gnéis agus plé a dhéanamh ar bhealaí le meas a léiriú ar roghanna daoine 3.8 tuiscint a fháil ar cé chomh tábhachtach is atá sé toiliú a lorg, a thabhairt agus a fháil i gcaidrimh chollaí, chun caidrimh chomhbhácha a thógáil agus ó thaobh an dlí de 3.9 an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht ghnéasach níos sábháilte a mhíniú agus tagairt á déanamh do mhodhanna frithghiniúna agus cosaint ar ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha (STInna) 3.10 tionchar an chultúir choitinn agus an domhain ar líne a phlé, go háirithe tionchar na pornagrafaíochta, ar thuiscint daoine óga ionchais agus noirm shóisialta maidir le léiriú gnéasach



Gníomhaíochtaí Foghlama

- **I ngníomhaíocht 1, Na meáin shóisialta agus féinmheas**, (TF 1.3) breithneoidh daltaí cad iad na tionchair a bhíonn ar a bhféiniomhá agus ar a bhféinmheas agus cuirfear béim ar leith ar na meáin shóisialta. Laistigh den ghníomhaíocht seo déanfaidh na daltaí iniúchadh ar bhealaí chun mothú dearfach féinmheasa a chothú agus iad ag maireachtáil ar domhan a bhfuil tionchar mór ag teachtaireachtaí na meán sóisialta air, agus is féidir le cuid acu an bonn a bhaint dá bhféinmheas.
- **I ngníomhaíocht 2, Róil agus ionchais inscne**, (TFanna 1.5 agus 3.10) déanfaidh daltaí iniúchadh ar noirm shóisialta agus ar an gcaoi a mbaineann siad le róil agus ionchais inscne inár sochaí. Déanfaidh siad machnamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag steiréitíopaí sriantacha inscne ar gach duine, ar gach duine aonair agus ar an tsochaí.
- **I ngníomhaíocht 3, Ní ghabhfar leithscéal!** (TFanna 3.3 agus 3.4) déanfaidh daltaí iniúchadh ar shaincheist an chiaptha ghnéasaigh; an fáth a bhfuil sé chomh forleatach sa tsochaí, conas a théann sé i bhfeidhm ar dhéagóirí, agus cad a d'fhéadfaidís a dhéanamh le bheith mar chuid den réiteach.
- **I ngníomhaíocht 4, Tionchar an chultúir choitinn**, (TF 3.10) pléifidh daltaí tionchar an chultúir choitinn ar thuiscint agus ionchais daoine óga maidir le caidrimh agus gnéasacht, trí scrúdú criticiúil a dhéanamh ar rogha liricí amhrán agus físeán ceoil.
- **I ngníomhaíocht 5, Pornagrafaíocht: cá bhfuil an dochar?** (TF 3.10) pléifidh daltaí an fáth a bhfuil imní ag dul i méid faoi éifeachtaí díobhálacha na pornagrafaíochta, go háirithe má fhéachann déagóirí uirthi ag an gcéim seo dá bhforbairt.
- **I ngníomhaíocht 6, Coiscíní agus frithghiniúint**, (TF 3.9) breithneoidh daltaí an tábhacht a bhaineann le húsáid coiscíní agus frithghiniúna le haghaidh daoine atá gníomhach go gnéasach, agus pléifidh siad an tábhacht a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar chuid de na bacainní ar úsáid chomhsheasmhach cheart.
- **I ngníomhaíocht 7, Ionfhabhtú gnéas-tarchurtha**, (TFanna 3.5 agus 3.9) pléifidh daltaí bealaí chun an riosca go bhfaighfear agus go gcuirfear ionfhabhtú gnéas-tarchurtha (STI) ar aghaidh a laghdú nó a chosc, agus beidh an deis acu dúshlán miotais áirithe a bhaineann le STI a thabhairt.
- **I ngníomhaíocht 8, Gníomhaíocht ghnéasach níos sábháilte**, (TFanna 3.8 agus 3.9) scrúdóidh na daltaí cad is brí leis an téarma 'gníomhaíocht ghnéasach níos sábháilte', ó pheirspictíochtaí fisiciúla agus mothúchána araon.
- **I ngníomhaíocht 9, Ná bíodh aiféala ort!** (TF 3.7) déanfaidh daltaí iniúchadh ar chúiseanna le bheith gníomhach go gnéasach, agus déanfaidh siad machnamh ar a thábhachtaí atá sé sin a bheith ina chinneadh eolasach agus breithnithe. Scrúdaíonn an ghníomhaíocht seo freisin conas a d'fhéadfadh daoine fásta óga an deis is fearr a thabhairt dóibh féin a gcéad teagmháil ghnéasach a dhéanamh sláintiúil go fisiciúil agus go mothúchána.
- **I ngníomhaíocht 10, An t-iomlán a thabhairt le chéile**, (TF 1.2) déanann daltaí machnamh ar a bhfuil foghlamtha acu le linn an aonaid agus ar a bhfuil i gceist lena saol.

Tascanna measúnaithe

Measúnú OSPS

Is é cuspóir an mheasúnaithe in OSPS ná cur ar chumas an dalta an t-eolas, na scileanna agus na meonta atá gnóthaithe aige trína chuid foghlama a léiriú. Is féidir leis an dalta fianaise ar a chuid foghlama a sholáthar trí bhealaí éagsúla léirithe, lena n-áirítear saothair ó bhéal, saothair i scríbhinn, saothair amhairc, saothair dhigiteacha agus saothair atá bunaithe ar na healaíona.

Níl sé i gceist go mbeadh na moltaí seo a leanas saintreorach.

Déan saothar amhairc!

Cruthaigh colláis nó amharcthaíspeántas a thaispeánann samplaí de theachtaireachtaí sláintiúla agus míshláintiúla a fhaigheann daoine óga faoi chaidrimh tríd an gcultúr coiteann. Ba chóir go léireodh do cholláis/taispeántas cén fáth a measann tú go bhfuil na teachtaireachtaí seo sláintiúil nó míshláintiúil.

Nó

Cruthaigh colláis/amharcthaíspeántas chun samplaí de róil dhearfacha inscne a thaispeáint (sa chultúr coiteann, sa tsochaí, etc.) agus mínigh cén fáth a measann tú go bhfuil siad dearfach.

Tabhair faoi deara!

Cruthaigh clár fógraí de do chuid foghlama ar ábhar a ndearnadh iniúchadh air sa rang OSPS. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith ar an gclár fógraí:

- Na príomhrudaí a d'fhoghlaim tú faoin ábhar seo
- an fáth a bhfuil sé tábhachtach
- Sampla de conas a d'fhéadfaí an fhoghlaim seo a chur i bhfeidhm sa saol.

Beir tuairisc uaim!

Tuairiscíonn go leor daoine fásta in Éirinn gur beag oideachas caidrimh agus gnéasachta a fuair siad nuair a bhí siad ar scoil. Scríobh alt irise gearr ag míniú do lucht féachana fásta cad a d'fhoghlaim tú san aonad seo de OCG. Ba cheart an fhaisnéis seo a leanas a bheith san alt:

- na hábhair a bhí faoi chaibidil
- na réimsí is mó ar chuir tú suim iontu, agus a rá cén fáth
- an rud is mó atá tú a fhoghlaim uaidh go léir.

Leideanna cabhracha!

Cruthaigh bileog chomhairle, bileog nó póstaer ar cheann amháin díobh seo a leanas:

- conas d'fhéinmheas a chosaint agus na meáin shóisialta á n-úsáid agat
- conas ciapadh gnéasach a aithint agus gníomhú ina choinne
- cad is gá do dhaoine a bheith ar eolas acu maidir le cleachtais ghnéis níos sábháilte?



Gníomhaíocht 1 – Na meáin shóisialta agus féinmheas (TF. 1.3)

Sa ghníomhaíocht seo, breithneoidh na daltaí cad iad na tionchair a bhíonn ar a bhféiniómhá agus ar a bhféinmheas, agus cuirfear béim ar leith ar na meáin shóisialta. Cé go n-aithnítear go bhfuil tionchair dhearfacha ag na meáin shóisialta, tá sé tábhachtach go dtugtar deiseanna do na daltaí machnamh a dhéanamh ar na nithe diúltacha a bhaineann leo. Laistigh den ghníomhaíocht seo breithneoidh na daltaí bealaí chun mothú dearfach féinmheasa a chothú agus iad ag maireachtáil ar domhan a bhfuil tionchar mór ag teachtaireachtaí na meán sóisialta air, agus is féidir le cuid acu an bonn a bhaint dá bhféinfhiúntas.

Nóta don Mhúinteoir

Tagraíonn **féinmheas** do mheastóireacht duine aonair ar a bhfiúchas féin; a gcreideamh agus a n-iontaobhas ina gcumas agus ina luach féin. Tréith i bpáirt is ea an féinmheas a bhíonn seasmhach le himeacht ama, bíonn féinmheas uilíoch réasúnta ard ag daoine áirithe agus féinmheas uilíoch íseal ag daoine eile. Ach is staid é an féinmheas freisin a athraíonn ó lá go lá agus fiú ó uair go huair, ag brath ar a bhfuil ar siúl i saol an duine. De ghnáth meastar gur rud maith é féinmheas dearfach a bheith agat, ach caithfear é a mheas le réalachas sláintiúil agus íogaireacht do dhaoine eile, chun an naircisíocht a sheachaint. Ní mór do dhaoine a bheith ar an eolas freisin faoin gcaoi a bhféadfadh saothrú féinmheasa an duine aonair a bheith ag brath an iomarca ar cheadú dearfach daoine eile. Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith air sin iompraíochtaí nach bhfuil go maith dóibh i gcónaí, ná don tsochaí i gcoitinne ¹.

Féinmheas uilíoch: meastóireacht fhoriomlán anduine aonair ar a luach.

Féinmheas fearann-sonrach: meastóireacht duine ar a shaintréithe agus ar a chumais i réimsí sonracha, amhail caidrimh shóisialta, scoil, agus cuma fhisiciúil.

Féinfhiúntas: meastóireacht duine ar an duine féin mar dhuine luachmhar cumasach, a bhfuil meas agus comaoin tuillte aige nó aici ².

Féiniómhá: an dearcadh atá ag duine air féin. Is gné rithabhachtach de phearsantacht an duine aonair lenar féidir rath an chaidrimh agus braistint na folláine ginearálta a chinneadh í an fhéiniómhá ³.

Naircisíocht: mothúcháin barrchéimíochta, mórtais, teidlíochta, agus féinlárnachais. Ní ceart naircisíocht a mheascadh suas le féinmheas, rud a bhaineann le mothúcháin féinghlacthachta agus féinurraim.

¹ <https://opentextbc.ca/socialpsychology/chapter/the-feeling-self-self-esteem/>

² <https://dictionary.apa.org/self-worth>

³ <https://dictionary.apa.org/self-image>

Céim 1: Cad é an féinmheas agus cad a théann i bhfeidhm air?

Scríobh an frása ‘féinmheas’ ar an gclár agus iarr ar na daltaí abairt a scríobh síos ina gcópleabhair chun cur síos a dhéanamh ar a dtuiscint air. Tabhair sainmhíniú simplí do na daltaí (m.sh. creideamh agus muinín as do chumas agus as do luach féin). Soiléirigh an difríocht idir an féinmheas agus an naircísíocht trí úsáid a bhaint as na sainmhínithe i nóta an mhúinteora ar leathanach 7.

Iarr ar na daltaí cén fáth go bhfuil sé tábhachtach féinmheas ard a bheith acu. Éist le cúpla freagra sula n-inseoidh tú do na daltaí go bhfuil baint ag ard-fhéinmheas le rath níos mó ar scoil agus ar obair, le caidrimh shóisialta níos fearr, le sláinte mheabhrach agus choirp níos fearr, agus le hiompar frithshóisialta níos lú⁴.

Mínigh go bhfuil go leor rudaí ann a théann i bhfeidhm ar ár bhféinmheas agus iarr ar dhaltaí, i mbeirteanna, an oiread samplaí agus is féidir díobh seo a leanas a liostáil:

- na daoine a mbíonn tionchar acu ar fhéinmheas daoine óga.
- na rudaí a mbíonn tionchar acu ar fhéinmheas daoine óga.

Éist le gach grúpa, agus iarr orthu gan aon rud a dúirt grúpa roimhe seo a athdhéanamh. Aithin go bhfuil tú sásta gur luaigh siad (nó gur chuir siad iontas ort nár luaigh siad) tionchar na meán sóisialta, agus cuir in iúl dóibh go bhfuiltear ag díriú inniu ar scrúdú a dhéanamh ar thionchar na meán digiteach agus sóisialta ar bhraistint féiniúlachta daoine óga atá ag teacht chun cinn agus ar a bhféinmheas.

Fiafraigh de na scoláirí:

- Cad iad na hardáin meán sóisialta a úsáideann tú?
- Cén fáth a n-úsáideann tú iad?
- Cad é an rud is mó a thaitníonn leat fúthu?

Glac aiseolas maidir le gach ceist. Iarr ar na daltaí dul ar ais i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga agus iarr orthu dhá thionchar dhearfacha agus dhá thionchar dhiúltacha a bhaineann le húsáid na meán sóisialta a thabhairt dóibh. Glac aiseolas ó gach grúpa agus déan a gcuid freagraí a dhoiciméadú ar an gclár. Spreag grúpaí gan aon rud a dúradh cheana a athrá.

Nóta don Mhúinteoir

Bí toilteanach éisteacht leis na samplaí dearfacha d’úsáid na meán sóisialta i saol daoine óga agus gan díriú go heisiach ar shamplaí a bhfuil tionchar diúltach acu ar a bhféinmheas agus ar a bhféiniúlacht.

⁴ Orth U, Robins RW. Is high self-esteem beneficial? Revisiting a classic question. *Am Psychol.* 2022 Jan;77(1):5-17. doi: 10.1037/amp0000922.



Pointí molta plé

- An bhfuil tionchar foriomlán dearfach, diúltach nó cothrom ag an úsáid a bhaineann tú as na meáin shóisialta ar an gcaoi a bhféachann tú ort féin (féiniómhá) agus ar an gcaoi a mbraitheann tú fút féin (féinmheas)?
- An gceapann tú go bhfuil sé seo mar an gcéanna do gach duine? Cén fáth? Cén fáth? *(Tá leibhéil éagsúla féinmheasa agus féinfhiúntais ag daoine ag brath ar réimse leathan rudaí, m.sh. pearsantacht, timpeallacht, taithí saoil, srl. Tá roinnt gnéithe den fhéinmheas cobhsaí agus is féidir le roinnt gnéithe luainiú ag amanna ag brath ar a bhfuil ar siúl ag daoine.)*

Nóta: Tabhair aitheantas go mbaintear go leor úsáidí dearfacha as na meáin dhigiteacha agus shóisialta a chuidíonn le daoine a bheith sláintiúil agus nasctha le daoine eile. Mar sin féin, díreoidh an ghníomhaíocht seo ar chuid de na díobhálacha féideartha má thosaíonn úsáid na meán sóisialta ar dhul i bhfeidhm go diúltach ar ár bhféinmheas.

Céim 2: Insta vs fíorshaol



Taispeáin an físeán do na scoláirí [Are You Living an Insta Lie? Social Media Vs. Reality](#) (Fad: 3 nóiméad, 12 shoicind).

Fiafraigh den rang cén radharc is mó a bhuail iad agus cén fáth?

Taispeáin an físeán arís, agus iarr ar an rang aird a thabhairt ar na haischlibeanna atá á n-úsáid. Ina bpéirí, iarr orthu comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir na híomhánna atá á réamh-mheas ar na meáin shóisialta agus réaltacht shaol na ndaoine. Glac le roinnt aischothaithe ón rang.

Pointí molta plé

- Cad a cheapann tú a raibh tionchar aige ar fhéinfhiúntas na gcarachtar seo san fhíseán? (*'is maith liom' agus 'tráchtanna' ar bpoist Insta*).
- Cad iad na príomhtheachtaireachtaí atá á dtógáil agat ón bhfíseán?

Céim 3: Tionchar na dtionchairí



Coinnigh na grúpaí atá ann cheana féin nó roinn an rang i ngrúpaí beaga nua. Taispeáin **Bileog Oibre: Tionchar na dTionchairí** ar an scáileán agus tabhair cuireadh do dhaltaí na ceisteanna a phlé, agus spreag iad chun a dtráchtanna a thabhairt faoi deara ionas gur féidir leo aiseolas a thabhairt don rang.

Nóta don Mhúinteoir

B'fhéidir nach dtabharfaidh roinnt daltaí freagra ar an téarma 'tionchairí'. Sa chás sin b'fhéidir gur mhaith leat an fócas a leathnú chuig daoine a leanann siad nó a bhféachann siad ar líne orthu, lena n-áirítear cluicheadóirí ardphróifíle, lucht spóirt, srl.

Pointí molta plé

- Cad is brí leis an téarma 'Mura bhfuiltear ag íoc airgid leat, is tusa an táirge', dar leat? (*Go ginearálta má tá ábhar saor in aisce á fháil agat, is amhlaidh atá toisc go bhfuil tú á n-úsáid ar bhealach éigin ag eagraíochtaí meán sóisialta agus ag tionchairí, m.sh. tá do shonraí pearsanta á mianadóireacht, tá d'iompar á thiomáint ar bhealach a oireann dóibh, nó tá rud éigin á dhíol leat).*
- An gcuireann sé isteach ort go bhfuil do chuid faisnéise agus iompraíochtaí á n-úsáid chun leasa tionchairí agus cuideachtaí meán sóisialta? Ar chóir go gcuirfeadh?

Céim 4: M'fhéinmheas a chosaint ar na meáin shóisialta



Scaip an **Bhileog Oibre: Scórchárta na Meán Sóisialta**. Iarr ar na daltaí an bhileog oibre a dhéanamh ina n-aonar nó i mbeirteanna.

Lean é seo trí chuireadh a thabhairt don rang iomlán liosta straitéisí a thiomsú a d'fhéadfadh cabhrú le duine féinmheas dearfach a choinneáil agus é ag plé leis na meáin shóisialta. Tabhair faoi deara a gcuid moltaí ar an gclár. (*D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sna moltaí: aipeanna a chuireann do chuid ama amú a dhíshuiteáil, scrollú éighníomhach a ghearradh síos, do chuid fothaí a roghnú go cúramach, cuntais a dhíleanúint a bhfuil tionchar diúltach acu ar d'fhéinmheas, fothaí a chuardach a chothaíonn do fholláine, múch fógraí san oíche agus amanna eile chun ligean duit sos a bheith agat agus díriú ar rudaí eile, seiceáil fíricí faisnéis sula gcuireann tú rud ar aghaidh, cuir teorainn le líon na bpostálacha a dhéanann tú gach lá).*

Obair Bhaile




Le linn na seachtaine seo chugainn, coinneigh dialann na meáin shóisialta, agus déan taifeadadh de conas mar a théann do ghníomhaíocht ar líne i bhfeidhm ar do ghiúmar agus ar an gcaoi a mbraitheann tú fút féin. Smaoinigh ar conas is féidir leat an fhaisnéis seo a úsáid chun an tionchar dearfach a mhéadú agus an tionchar diúltach a íoslaghdú.



Bileog Oibre: Tionchar na dtionchairí

Treoracha: Smaoinigh ar thionchaire nó ar dhuine a leanann tú nó a bhféachann tú go leor ar líne air agus comhlánaigh na tascanna thíos. Tabhair aird ar do chuid tráchtanna chun aiseolas a thabhairt don rang.

1. Cuir isteach ainm agus lucht féachana beartaithe an tionchaire sa lár. Sna ciorcail lasmuigh, liostaigh na teachtaireachtaí a thugann an tionchaire faoina lucht leanúna faoi na rudaí atá tábhachtach sa saol (*m.sh. faoi stíl mhaireachtála, saibhreas, cuma faoi leith a bheith ort, smaoineamh ar leith smaointeoireachta a bheith agat, úsáid a bhaint as táirgí áirithe, etc.*).
2. Cé chomh cabhrach is atá na teachtaireachtaí? Cén dóigh a mbeidh a fhios agat? Conas is féidir leat seiceáil?
3. Cé chomh sláintiúil atá na teachtaireachtaí? Cén dóigh a mbeidh a fhios agat? Conas is féidir leat seiceáil?
4. Conas a cheapann tú a thairbhíonn an tionchaire de na buntáistí a bhaineann lena láithreacht ar na meáin shóisialta? Conas a d'fhéadfadh sé sin difear a dhéanamh dá n-ábhar?
5. Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an teachtaireacht atá á roinnt ag an duine seo ar mhothúcháin an duine óig faoi féin agus faoina fhéinmheas?



Bileog Oibre: Scórchárta na Meán Sóisialta

1. Sa tábla thíos, tabhair faoi deara na hiompraíochtaí a bhaineann leat. Féadfaidh tú iompraíochtaí eile a chur isteach freisin agus minicíocht gach duine a thabhairt faoi deara.
2. Cé acu díobh seo a leanas a mheasfa a bheith míshláintiúil duit agus cén fáth?
3. Liostaigh dhá rud is féidir leat a dhéanamh chun tionchar diúltach d'iompraíochta ar na meán shóisialta ar do fhéinmheas agus do fhéinfhiúntas a íoslaghdú.

Fóta-eagarthóireacht a dhéanamh ar mo shaol chun dul i bhfeidhm ar dhaoine eile.	Féachaint tríd an iliomad fógraí a thagann aníos ar m'fhotha, cé nach raibh mé ag smaoineamh ar na táirgí a cheannach.	Na meán shóisialta a sheiceáil sula n-éirím as an leaba fiú.
Scrolláil ar feadh uaireanta an chloig in ionad codlata ná a bheith le daoine san fhóirshaol.	Smaoineamh gan stad faoin bhféinphic foirfe.	Daoine a leanúint a chuireann olc orm nó nach dtaitníonn liom fiú.
Fógraí a sheiceáil gach uair a bhuaileann mo ghuthán nó a bhaintear creathadh as.	"Is maith liom" agus tráchtanna ar mo phostálacha agus grianghraif a sheiceáil arís agus arís eile i rith an lae.	Cairde, bia, deoch agus gníomhaíochtaí a roghnú go minic mar gheall go mbeadh cuma mhaith orthu ar na meán shóisialta go príomha.





Gníomhaíocht 2 - Róil agus ionchais inscne (TFanna 1.5, 3.10)

Sa ghníomhaíocht seo, déanfaidh daltaí iniúchadh ar noirm shóisialta agus ar an gcaoi a mbaineann siad le róil agus ionchais inscne inár sochaí. Déanfaidh siad machnamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag steiréitíopaí sriantacha inscne ar gach duine — mná, fir agus daoine atá neamh-dhénártha nó atá neamh-chomhréireach ó thaobh inscne de.

Nóta don Mhúinteoir

Príomhtheachtaireachtaí agus an t-ábhar seo á theagasc

- Aird daoine óga a tharraingt ar na róil agus na hionchais theoranta a bhaineann le hinscne, amhail stócachas mothúchánach agus mianach ionsaithe i gcás na bhfear, agus géilliúlacht agus neamhréasúnacht i gcás na mban.
- Aird a tharraingt ar an gcaoi a dtreisiónn dearchtaí gnéasaíocha agus homafóbacha a chéile go minic; mar shampla, nuair a fhaigheann buachaillí agus fir teachtaireachtaí díobhálacha go bhfuil siad 'aerach' mura gcloíonn siad le noirm fhirinscneacha.
- Dearbhú go mbíonn tionchair dhíobhálacha ag an neamhionannas inscne agus steiréitíopaí inscne ar gach duine, agus iarr ar dhaltaí machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfulaingíonn mná, fir agus mionlaigh inscne iarmhairtí díobhálacha ar leith. Machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir le steiréitíopaí dochta inscne bulaíocht agus ciapadh a spreagadh ina gcoinne siúd atá neamh-chomhréireach ó thaobh inscne de.
- Tá sé tábhachtach na daltaí a chur i dteagmháil leis an dinimic chumhachta a oibríonn i bhfabhar na bhfear, agus a aithint ag an am céanna go bhfuil iarmhairtí díobhálacha ag struchtúir chumhachta den sórt sin ar gach duine.
- Ná lipéadaítear an fhireannacht mar rud 'tocsaineach' toisc go bhféadfadh sé sin a bheith ina róshimpliú ar an gceist agus go bhféadfadh náire a bheith ar fhir dá bharr seachas an t-idirphlé oscailte a spreagadh a bhféadfadh feasacht agus athrú maidir le róil agus iompraíochtaí inscne a bheith mar thoradh air.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar gach a bhfuil thuas, féach [NCCA Guidance for teachers for LO 2.4](#)

Céim 1: Noirm shóisialta

Mínigh go bhfuil tú chun iniúchadh a dhéanamh ar noirm shóisialta agus an tionchar a bhíonn acu ar léiriú inscne agus ar ról sa tsochaí. Fiafraigh de na daltaí cad a thuigeann siad leis an téarma ‘noirm shóisialta’, agus soiléirigh faoi threoir an tsainmhínithe thíos:

Sainmhíniú

Is iad na noirm shóisialta na rialacha neamhscrioífa i ngrúpa nó i gcultúr áirithe. Insíonn siad dúinn cad a mheastar a bheith inghlactha, iomchuí nó inmhianaithe sa tsochaí agus tagaimid ar an eolas faoi na rudaí seo trí bheith á dteagasc go díreach (m.sh. le do thoil agus go raibh maith agat a rá) nó trí fhreagairt dhearfach nó dhiúltach daoine ar an méid a deirimid agus a dhéanann daoine eile. Seo a leanas samplaí de noirm shóisialta: conas a bhuailimid le chéile agus ba bheannaímid dá chéile, conas a dhéanaimid sinn féin a iompar i suímh éagsúla, cóid gúna, agus cén chuma a bhíonn ar bhuachaillí agus ar cailíní, cén t-iompar a bhíonn acu agus conas a chuireann siad iad féin in iúl, dar lena mbitear ag súil.

Iarr ar na daltaí smaoineamh ar a lá go dtí seo; cad iad na noirm shóisialta a lean siad? *(D’fhéadfadh na leideanna seo a leanas a bheith san áireamh: Cad iad na héadaí a chuir tú ort ar scoil? Ar sheas tú i scuaine don bhus? An raibh ort suíochán a thabhairt suas le haghaidh duine níos sine nó duine éigin is mó i ngátar? Ar oscail tú an doras do dhuine ar bith? Conas a chuir tú fáilte roimh do chairde, agus conas a chuir tú fáilte roimh do mhúinteoirí?)*

Pointí molta plé

- An raibh sé éasca smaoineamh ar shamplaí?
- An bhfuil roinnt noirm shóisialta difriúil i gcás buachaillí/cailíní, fir/mná? Samplaí tobsmaointeoireachta.
- Cén chaoi a bhfuil noirm shóisialta cabhrach? *(m.sh. ord agus intuarthacht a choinneáil sa tsochaí, treoir a chur ar fáil maidir le conas idirghníomhú le daoine eile agus déileáil le cásanna sóisialta, chun cabhrú linn mothú muintearais a bhaint amach).*
- Cén uair a bhíonn noirm shóisialta míchabhrach? *(m.sh. nuair atá siad docht, idirdhealaitheach nó nuair atá siad frithsheasmhach in aghaidh athrú nó nuair a threisiann siad claontachtaí agus neamhionannais stairiúla).*



Céim 2: Contanam na tuairime ‘Bí i d’fhear - faoi mar a bheadh cailín’

Sa tasc seo déanfaidh na daltaí meastóireacht ar an gcaoi a gcuirtear noirm agus steiréitíopaí inscne in iúl uaireanta i dtuairimí ócáideacha laethúla. Tugann sé seo deis do dhaltaí machnamh a dhéanamh ar roinnt frásaí lena dtreisiú steiréitíopaí inscne, agus ar smaointe sriantacha faoi cad a chiallaíonn sé a bheith ina fhear nó ina bhean.

B’fhéidir gur mhaith leat a lua freisin go bhfuil na steiréitíopaí sin chomh láidir sin inár sochaí go mbíonn tionchar acu ar gach duine; mná, fir agus daoine atá neamh-dhénártha nó neamh-chomhréireach ó thaobh inscne de.

Úsáid fad nó leithead an tseomra chun contanam a chruthú. Tóg cúinne amháin den seomra mar ‘An-díobhálach’ agus cúinne eile den seomra mar ‘Gan díobháil’. Mínigh do dhaltaí go léifidh tú frása amach (i gcló trom thíos) agus gur chóir dóibh seasamh áit éigin ar an gcontanam a léiríonn a dtuairimí ar an leibhéal dochair a d’fhéadfadh an frása seo a dhéanamh.

Le linn an phlé, má bhraitheann daltaí gur mhaith leo bogadh go pointe difriúil ar an gcontanam is féidir leo é sin a dhéanamh. Ós rud é gur leagan é seo de dhíospóireacht atá ag gluaiseacht, iarrfar ar dhaltaí a mhíniú cén fáth ar roghnaigh siad seasamh san áit a bhfuil siad. Chun smaointeoireacht chriticiúil a spreagadh, cuir ceistanna mar iad siúd a mholtar thíos le haghaidh gach frása a roghnaíonn tú a úsáid.

..faoi mar a bheadh cailín’ (*M.sh. ‘caitheann tú faoi mar a bheadh cailín’ — masla atá dírithe ar bhuachaillí agus ar fhir a threisíonn freisin an dearcadh steiréitipiciúil go bhfuil cailíní lag agus gan bheith chomh maith).*

‘Bí i d’fhear’ (*Tarraingíonn sé ar an steiréitíopa inscne gur cheart d’fhir agus do bhuachaillí a gcuid mothúchán a chur faoi chois agus gan leochaileacht ná laige a mheastar a bheith ann a léiriú — agus tugann sé le tuiscint gur do mhná amháin atá laige nó mothúcháin).*

‘Níl na magairlí aige’ (*Úsáidtear é chun a mholadh gur cheart do dhuine a bheith níos teanntásaí nó níos misniúla, rud a thugann le tuiscint gurb ionann magairlí a bheith agat agus neart agus crógacht).*

‘Ná bí i d’óinseach’ (*Úsáidtear é chun duine a cháineadh as iompar a léiriú a mheastar a bheith lag nó baininscneach).*

‘Abair meatachán’ (*Cosúil le ‘óinseach,’ úsáidtear é seo chun díspeagadh a dhéanamh faoi dhuine, fear de ghnáth).*

‘Bí i d’fhear!’ (*D’fhéadfaí breathnú air ar an dromchla mar ráiteas spreagúil, ach tugann sé le fios nach bhfuil ach bealach amháin ann le bheith i d’fhear agus gur féidir é a úsáid chun magadh a dhéanamh faoi bhuachaill/fear as gan a fhiríúlacht a chur in iúl ar bhealach steiréitipiciúil).*

Pointí molta plé

- Cad é atá an abairt a thabhairt le fios nó a chur in iúl?
- Cén cineál cásanna inar chuala tú in úsáid iad, nó an gceapann tú go n-úsáidfí é?
- Conas a d'fhéadfadh duine éigin mothú mar gheall ar an abairt a chloisteáil?
- Cad iad na steiréitíopaí a threisiónn na frásaí sin?
- An bhfuil frásaí den chineál céanna a úsáidtear mar chur síos ar chailíní/mná?

Céim 3: Breathnú níos doimhne ar steiréitíopáil inscne 1

Sna gníomhaíochtaí seo a leanas, beidh an dalta ag déanamh scrúdú ar roinnt de na bealaí ina n-imríonn noirm inscne agus steiréitíopaí inscne amach sa tsochaí, agus ag smaoineamh ar an tionchar ar dhaoine aonair agus ar an tsochaí féin. Is féidir le gach dalta an dá chuid den chleachtadh a dhéanamh bunaithe ar a dtuairimí ar steiréitíopáil inscne sa tsochaí.



Seinn an ghearrthóg físe de [Óráid Ghloria ón scannán](#)
(Fad: 2 nóiméad, 32 soicind).



Nó de rogha air sin, cuir ar an scáileán agus léigh **Bileog Oibre: Óráid Ghloria ón scannán Barbie** (tras-scríbhinn curtha in eagar).

Mar ghrúpaí beaga, pléigí na ceisteanna seo:

- Cad iad na noirm shóisialta a chuireann isteach agus a chuireann frustrachas ar Gloria?
- An cur i láthair cruinn é ar an gcaoi a mbíonn an tsochaí ag súil le mar a bheadh na mná? Cén fáth? Cén fáth?
- Baineann cuid de na rudaí atá liostaithe go sonrach le mná fásta. An bhfuiltear ag súil le rudaí breise ó chailíní agus ó mhná óga atá ina gcónaí in Éirinn?



Céim 4: Breathnú níos doimhne ar steiréitíopáil inscne 2

atá ag fás aníos in Éirinn. Cad iad na hionchais a chuireann an tsochaí orthu? Mol do na daltaí go n-úsáidfí é seo chun tús a chur leis: *I ndáiríre tá sé dodhéanta a bheith inár bhfir... ní mór dúinn a bheith tharr barr i gcónaí, ach ar bhealach éigin, bímid á dhéanamh mícheart i gcónaí.*

Tabhair leid, más gá, trína mholadh go smaoineodh na daltaí ar cheannteidil amhail: íomhá choirp, bealaí chun mothúcháin, caitheamh aimsire agus spéiseanna, éadaí, poist, freagrachtaí laistigh den bhaile, agus mar sin de, a cheangal agus a thaispeáint.

Pointí molta plé

- Conas a mhothaíonn sé a bheith steiréitíopáilte nó teoranta ag noirm shóisialta inscne? (*D'fhéadfadh na freagraí seo a leanas a bheith san áireamh: Diúltach de ghnáth. Níl fheictear an duine atá ionat dáiríre. Cuireann steiréitíopaí teorainn lenár gcumas a bheith ionainn féin agus a chur in iúl cé sinn féin. Is féidir leis a bheith cosúil leis an mbrú a bheith comhréireach.*)
- Má tá daoine ina gcónaí i sochaí ina bhfuil noirm inscne dhochta, cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin orthu seo a leanas:
 1. mná agus cailíní?
 2. buachaillí agus fir?
- Conas a d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh do dhaoine ó mhionlaigh inscne, amhail daoine neamh-dhénártha nó tras-inscneacha?
- Conas is féidir le daoine óga dúshlán steiréitíopaí inscne sriantacha a thabhairt?



Bileog Oibre: Óráid Ghloria ón scannán Barbie (sliocht)

I ndáiríre tá sé dodhéanta a bheith inár mná. Ní mór dúinn a bheith ar fheabhas i gcónaí, ach ar bhealach éigin bímid á dhéanamh mícheart air i gcónaí.

Caithfidh tú a bheith tanaí, gan bheith róthanaí. Agus ní féidir leat a rá riamh gur mhaith leat a bheith tanaí. Caithfidh tú a rá gur mhaith leat a bheith sláintiúil, ach freisin caithfidh tú a bheith tanaí. Ní mór duit airgead a bheith agat, ach ní féidir leat airgead a iarraidh toisc go bhfuil sé sin tútach. Caithfidh tú a bheith i do cheannaire, ach ní féidir leat a bheith suarach. Caithfidh tú a bheith i gceannas, ach ní féidir leat satailt ar smaointe daoine eile. Ba chóir gur bhreá leat a bheith i do mháthair, ach ná labhair faoi do pháistí an t-am ar fad. Caithfidh tú a bheith i do bhean ghairme ach a bheith ag faire amach do dhaoine eile i gcónaí chomh maith.

Caithfidh tú freagra a thabhairt ar dhroch-iompar na bhfear, rud atá gan chiall, ach má chuireann tú sin in iúl, cuirtear i do leith a bheith ag gearán. Tá tú ceaptha a bheith deas le haghaidh na bhfear, ach ní chomh deas go gcuireann siad an iomarca suime ionat nó go bhfuil tú i do bagairt ar mhná eile toisc go bhfuil tú ceaptha a bheith i do bhall de chumann na ndeirfiúracha.

Ach seasamh amach i gcónaí agus a bheith buíoch i gcónaí. Ach gan déan dearmad a dhéanamh go bhfuil an córas rigeáilte. Mar sin, faigh bealach chun é sin a admháil ach bí buíoch i gcónaí.

Caithfidh tú gan éirí sean go deo, ná bheith drochbhéasach, ná a bheith ag déanamh gaisce, ná a bheith santach, ná titim síos, ná teip a fháil, ná eagla a thaispeáint, ná bheith as ord. Tá sé ró-deacair! Tá sé ró-fhrithráiteach agus ní thugann aon duine bonn duit ná ní deir siad go raibh maith agat! Agus is é an chaoi i ndáiríre ní amháin go bhfuil tú ag déanamh gach rud mícheart, ach gur orts a gach locht chomh maith.

Tá mé chomh tuirseach de bheith ag breathnú orm féin agus ar gach bean eile agus ár míle dícheall á dhéanamh againn ionas go dtaitneois le daoine.

Cóipcheart © 2023 Warner Bros. Pictures.



Gníomhaíocht 3 - Ní ghabhfar leithscéal! (TFanna 3.3, 3.4)

Sa ghníomhaíocht seo, fiosróidh na daltaí saincheist an chiaptha ghnéasaigh; an fáth a bhfuil sé chomh forleatach sa tsochaí, conas a théann sé i bhfeidhm ar dhéagóirí, agus cad a d'fhéadfaidís a dhéanamh le bheith mar chuid den réiteach.

Nóta don Mhúinteoir

Cuireann an ghníomhaíocht seo leis an bhfoghlaim a rinneadh roimhe seo faoi ghnéithe éagsúla den toiliú, in RSE 2, go háirithe Gníomhaíochtaí 4, 5, 6 agus 7.

Céard is ciapadh gnéasach ann?

I ndlí fostaíochta na hÉireann (a bhfuil feidhm aige freisin maidir le daltaí i bhforas oideachais), sainmhínítear ciapadh gnéasach mar aon chineál iompair neamh-inmhianaithe ó bhéal, neamhbhriathartha nó fhisiciúil de chineál gnéasach. Tá sé de chuspóir nó d'éifeacht aige dínit duine a shárú agus timpeallacht bhagrach, naimhdeach, tháireach, náireach nó mhaslach a chruthú don duine. Ní bhaineann rún dhéantóir na coire le hábhar toisc go ndírítear ar an tionchar ar an íospartach. Tá sé seo neamhghnách i ndlí na hÉireann.

Is éard atá i gceist le ciapadh gnéasach nuair a chuirtear náire ar dhuine, nuair a bhraitheann sé míchompordach nó nuair a chuireann gníomhaíochtaí duine eile eagla air, mar shampla:

- tráchtanna gnéis nó tráchtanna ionsaitheacha
- tráchtanna faoi chorp nó faoi ghnéasorgáin duine eile
- téacsanna, meamraim nó íomhánna nach dteastaíonn agus atá míchuí a sheoladh, arb íomhánna iad atá gnéasach nó amh ó thaobh nádúir de
- innuendo gnéasach a dhéanamh i gcomhrá
- teagmháil fhisiciúil gan údar nó nach bhfáiltítear roimhe, amhail cuimilt, tadhall nó barróg
- faíreach / fead ghraosta
- greadadh a bhaint as tóin duine
- spamáil nó cumarsáid leanúnach de chineál gnéasach
- gliúthaifeadadh faoi sciorta, gliúthaifeadadh faoi bharréide nó briste duine a tharraingt anuas.

Léiríonn na samplaí thuas nach bhfuil ciapadh gnéasach teoranta do theagmháil nach bhfáiltítear roimhe — is féidir teagmháil fhisiciúil nó teagmháil ó bhéal araon a bheith ann. Ní gá é a dhéanamh arís agus arís eile — d'fhéadfadh teagmhas amháin a bheith ina chiapadh.

Nóta don Mhúinteoir ar lean

Is féidir le ciapadh gnéasach tarlú do dhuine ar bith. Mar sin féin, is iad na mná an grúpa is mó a ndírítear orthu. Is minic a thugtar aird ar leith ar bhaill den phobal LADTI+ freisin.

Cé go ndíríonn an ghníomhaíocht seo ar fheasacht a mhúscailt, agus ar bhealaí a bhféadfadh daltaí gníomhú a fhiosrú, tá sé tábhachtach a thabhairt chun suntais nach fadhb amháin é ciapadh gnéasach a bhaineann le hiompraíocht aonair. *Zero Tolerance: Third National Strategy on Domestic, Sexual & Gender- Based Violence 2022-2026*, ina leagtar béim ar an ngá atá ann deireadh a chur leis na noirm shóisialta agus chultúrtha atá mar bhonn agus mar thaca leis an bhforéigean sin. Ní féidir é sin a dhéanamh ach amháin má tá ról ag an rialtas, ag eagraíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla, agus ag pobail maidir le cur i gcoinne léirithe laethúla claontachta agus idirdhealaithe a dhéanann normalú ar chiapadh gnéasach (m.sh. neamhionannas inscne, fuath ban, homafóibe, trasfóibe).

Cad iad na héifeachtaí a bhíonn ag ciapadh gnéasach ar dhaoine óga?

Tá corpas suntasach taighde ann ar thionchair an chiaptha ghnéasaigh ar dhéagóirí, lena n-áirítear: féinmheas íseal, dúlagar, idéú féinmharaíthe, neamhoird itheacháin, ionsaithe scaoil, féindíobháil, féinloch, fadhbanna maidir le híomhá choirp, uaigneas, deacrachtaí codlata, tearcfheidhmíocht acadúil, mothúcháin laghdaithe inniúlachta acadúla, fadhbanna maidir le freastal agus rannpháirtíocht scoile, fadhbanna sóisialú, fadhbanna maidir le mothúcháin a rialáil ⁵.

Céim 1: Céard is ciapadh gnéasach ann?

An ghníomhaíocht a thabhairt isteach trí insint do na daltaí go bhfuil siad chun imscrúdú a dhéanamh ar shaincheist an chiaptha ghnéasaigh, agus machnamh a dhéanamh ar an ról a d'fhéadfadh a bheith acu ina n-aonar agus i dteannta a chéile chun a bheith mar chuid den réiteach.



Seinn an ghearrthóg físe '[No excuses](#)' (Fad: 1 nóiméad amháin).


Taispeáin an físeán an dara huair agus stop tar éis gach radhairc chun ceist a chur ar an rang:

- An léiríonn an radharc sampla de chiapadh gnéasach? Má tá, cad é?
- Cá bhfuil an ciapadh gnéasach ar siúl?
- Cé atá ag déanamh an chiaptha agus cé hé an t-íospartach? (Tabhair faoi deara gur féidir le duine ar bith a bheith ina chiontóir agus gur féidir le duine ar bith a bheith ina thargaid de chuid chiaptha ghnéasaigh).

⁵ <https://www.rcni.ie/wp-content/uploads/RCNI-Storm-and-Stress-FINAL.pdf>



An bhrí a shoiléiriú tríd an sainmhíniú simplithe thíos a léamh os ard.



Céim 2: An ciapadh gnéasach é nó nach ea?

Mínigh don rang go dtabharfaidh siad faoi deara ón sainmhíniú gur féidir ciapadh fisiceach agus ciapadh mothúchánach nó síceolaíoch a áireamh ar chiapadh gnéasach.



Chun tuiscint ar chiapadh gnéasach a threisiú, iarr ar dhaltaí dul isteach i ngrúpaí beaga agus tabhair do gach grúpa **Bileog Oibre: Is ciapadh gnéasach é** nó ní ciapadh gnéasach é? lena plé agus lena líonadh amach.

Glac aiseolas ó roinnt daltaí maidir le gach ráiteas agus déan plé ar gach ráiteas a éascú.

De rogha air sin, bain úsáid as na ráitis chun díospóireacht ranga iomlán a dhéanamh agus daoine ag siúl, agus iarr ar dhaltaí iad féin a chur feadh an chontanaim idir '**Is Ciapadh Gnéasach É**' ag ceann amháin an tseomra agus '**Ní Ciapadh Gnéasach É**' ag an taobh eile, ag brath ar a bhfreagra ar gach ráiteas. Iarr ar raon daltaí ar fud chontanaim na bhfreagraí a bhfreagra a mhíniú, agus chun plé ar gach ráiteas a éascú.

Pointí molta plé

- An raibh rud ar bith a chuir iontas ort san fhíseán, nó agus an bhileog oibre á déanamh agat?
- An bhfuil sé éasca an ciapadh gnéasach a shainaithint? Má tá, cén fáth a bhfuil an oiread sin de ar siúl? (*m.sh. normalú nó glacadh le micrea-ionsaithe gnéis sa saol laethúil, amhail faíreach, rud a fhágann nach bhfuil daoine agus sochaithe íogair maidir le tionchar an chiaptha ghnéasaigh, agus a chuireann le timpeallacht a spreagann iompraíochtaí níos foircní*).
- Is saincheist é an ciapadh gnéasach le haghaidh gach leibhéal den tsochaí.
 - a. Cad ba cheart do rialtais a dhéanamh faoi? (*m.sh. dlíthe maithe frithchiaptha a chuirtear i bhfeidhm, feachtais oideachais, tacaíochtaí le haghaidh íospartaigh/marthanóirí*).
 - b. Cad ba cheart d'eagraíochtaí inár bpobail, ar nós scoileanna agus eagraíochtaí oibre / spóirt / ealaíne le haghaidh na hóige a dhéanamh faoi? (*m.sh. beartais/rialacha frithchiaptha, oiliúint don fhoireann agus do dhaltaí/comhaltaí*).
 - c. Cad ba cheart do dhaoine aonair a dhéanamh faoi? (*m.sh. caitheamh go measúil le gach duine: iompar a sheachaint a d'fhéadfadh a bheith ina chiapadh agus leithscéal a ghabháil má dhéanann siad cion de thaisme; gan a bheith i mbun iompraíochtaí ciaptha ná gan páirt a ghlacadh iontu; dúshlán na n-iompraíochtaí sin a thabhairt nó a insint do dhaoine a bhfuil údarás acu nuair a fheicimid na teagmhais sin den chiaptha ghnéasaigh sin*).

Céim 3: An saincheist do dhéagóirí é an ciapadh gnéasach?

Nóta don Mhúinteoir

Is é is aidhm don chuid seo den ghníomhaíocht feasacht a mhúscailt maidir le forleatacht an chiaptha ghnéasaigh i measc déagóirí, agus úsáid á baint as staitisticí ó [Storm and Stress](#) (2022) agus [Belong To School Climate Survey](#) (2024).

Is saincheist é an ciapadh gnéasach ag gach céim den saol ach go háirithe san ógántacht agus san aosacht óg. Rinneadh ciapadh gnéasach ar leath na ndaoine fásta a ndearnadh suirbhé orthu (50 % díobh siúd idir 18-24 bliana d'aois) sa 12 mhí roimhe sin, i gcomparáid le 7 % díobh siúd atá 65 bliana d'aois agus níos sine ⁶.



Taispeáin **PowerPoint an Chiaptha Ghnéasaigh**, agus iarr ar na daltaí gach ceist a fhreagairt ina mbeirteanna sula ndéanfaidh siad rogha freagraí agus ansin an chéad sleamhnán eile a thaispeáint leis an bhfreagra.

⁶ Príomh-Oifig Staidrimh na hÉireann, an Suirbhé ar Fhoréigean Gnéasach 2022 — Ciapadh Gnéasach.



Pointí molta plé

- An raibh aon iontas sna staitisticí a taispeánadh?
- Cén fáth, dar leat, a ndéantar an ciapadh gnéasach ar chailíní níos minice ná ar bhuachaillí? *(m.sh. tá níos lú cumhachta ag mná in go leor sochaithe, is minic a fheictear mná mar rud le breathnú air agus trácht a dhéanamh air, féachtar ar go leor iompraíochtaí ciaptha mar iompar moltach, iad normálta nó gan dochar a bheith iontu).*
- Cén fáth, dar leat, a ndírítear ciapadh gnéasach ar dhaoine LADTI+ go minic? *(m.sh. homafóibe, trasfóibe, grúpa mionlaigh, meastar go bhfuil níos lú cumhachta acu).*
- Thuairiscigh freagróirí an tsuirbhé gur ó ‘chairde’ a tháinig breis agus 27 % den chiapadh gnéasach. An gcuireann sé sin iontas ort? Conas a d’fhéadfaí é a mhíniú?

Céim 4: Gníomhaíocht a dhéanamh

Cuir i dtuiscint do na daltaí nach bhfuil aon bhealach amháin ann chun stop a chur leis an gciapadh gnéasach ná leis an bhforéigean. Mar atá feicthe againn, is fadhb chasta í nach mór dul i ngleic léi ar gach leibhéal den tsochaí. Sa chuid seo, déanfaidh daltaí machnamh ar chuid de na rudaí praiticiúla is féidir le daoine aonair a dhéanamh nuair a fheiceann siad ciapadh gnéasach.

Iarr ar na daltaí smaoineamh ar ais ar an bhfíseán arís agus fiafraigh díobh:

- I ngach ceann de na físchásanna, níor fhreagair an duine a bhfuiltear ag díriú air. Cén fáth go bhféadfadh sé a bheith deacair dóibh dúshlán a thabhairt don té atá ag déanamh na hagóide?
- Cén áit ar féidir leo cabhair agus tacaíocht a fháil? *(Cuir i dtábhacht don rang go bhfuil sé ríthábhachtach go bhfaigheann an duine a bhfuiltear ag díriú air roinnt tacaíochta dóibh féin. Duine fásta iontaofa laistigh dá theaghlach, scoil nó eagraíocht óige, agus óna gcairde, a d’fhéadfadh a bheith i gceist leis sin. Is féidir ciapadh gnéasach ar líne a thuairisciú trí [hotline.ie](#)).*

Cuir in iúl nach féidir é a fhágáil faoin duine a bhfuiltear ag díriú air rudaí a réiteach — níl siad freagrach as iompar dhéantóir na coire agus d’fhéadfadh sé a bheith deacair seasamh suas leis an gciapadh go haonarach. De ghnáth bíonn deiseanna ann do dhaoine eile idirghabháil a dhéanamh. Mínigh gurb í an eochair chun a bheith i do chomhghuaillí do dhuine atá á chiapadh ná foghlaim conas idirghabháil a dhéanamh ar bhealach atá sábháilte, agus a oireann don chás agus do leibhéal compoird.

Taispeáin an achoimre ar **Na Trí M** den Idirghabháil Chiaptha Ghnéasaigh (leathanach 28) ar an gclár bán agus léigh tríd leis an rang. Léirigh don rang gur féidir le daoine idirghabháil a dhéanamh má bhíonn rud éigin mícheart más rud é go mbíonn eolas maith acu ar **Na Trí M**. D’fhéadfadh sin an difear ar fad a dhéanamh do dhuine éigin, ach níor cheart a shábháilteacht féin, ná sábháilteacht duine eile, a chur i mbaol riamh.

Fág **Na Trí M** ar an gclár bán, roinn an rang i ngrúpaí beaga de 3 nó 4 agus déan cás a leithdháileadh ar gach ceann acu (roghnaigh an oiread de na cásanna agus is gá ón raon a sholáthraítear). Iarr ar gach grúpa a roghnú cé acu de na straitéisí **Na Trí M** is fearr a d'oibreodh sa chás sin dar leo agus déan cur síos ar an gcaoi a n-úsáidfidís é. Féadfaidh siad níos mó ná ceann amháin a úsáid má cheapann siad go bhfuil sé riachtanach.

Nuair a bheidh go leor ama acu chun an tasc a chríochnú, tóg rogha aiseolais ar gach cás, ag comparáid agus ag cur i gcodarsnacht leis na modhanna a úsáidtear.

Pointí molta plé

- An gcheapann tú go ndéanann na cásanna seo cur síos ar iompraíochtaí a tharlaíonn san ógántacht? Cén fáth? Cén fáth?
- An rud é samhail **Na Trí M** a d'fhéadfá a fheiceáil in úsáid agat féin, dá dtiocfadh an cás chun cinn? Cén fáth? Cén fáth?
- Mar ghrúpa, cad a d'fhéadfadh daltaí a dhéanamh i suíomh na scoile chun feasacht a mhúscailt maidir leis an gciapadh gnéasach agus chun rannchuidiú lena dhéanamh do-ghlactha cibé áit a dtarlaíonn sé?

Nóta don Mhúinteoir

Leag béim ar an ngá atá ag daoine, go háirithe daoine óga, machnamh a dhéanamh ar a sábháilteacht féin sna cásanna sin agus cúnamh a lorg ó dhuine fásta iontaofa seachas idirghabháil dhíreach a dhéanamh má tá baol ann dóibh féin nó do dhaoine eile.



Bileog Oibre: An ciapadh gnéasach é nó nach ea?

Iompar	Is ciapadh gnéasach é	Ní ciapadh gnéasach é	B'fhéidir gur ciapadh gnéasach é	Cúis leis an bhfreagra
Ag insint do dhuine go bhfuil cuma mhaith orthu agus a gculaith éadaigh nua orthu				
Ag déanamh scéalta grinn gnéasach os ard sa seomra ranga				
Duine éigin a iarradh amach				
Feadail mic tire agus daoine ag siúl na sráide				
Snapadh a bhaint as cíochbheart duine				
Ráflaí a scalpeadh faoi ghníomhaíocht gnéasach duine				
Iallach a chur ar dhalta a chuid obair bhaile a roinnt				
Trácht a dhéanamh ar bhrollaigh duine				
Brú a chur ar dhuine éigin gabháil tharat i halla gnóthach				
Teachtairreachtaí a chur chuig páirtí arís agus arís eile i rith an lae le rá a mhéid a bhfuil dúil agat iontu				
Ag leindeáil ag stad an bhus gach lá chun bheith in aice le duine éigin a bhfuil dúil agat iontu				
A thabhairt le fios arís agus arís eile gur chóir beirt leispiach dul ar choinne le chéile				
Lámh a chur ar chos duine le linn comhrá				
Scitheadh a dhéanamh ar dhuine a bheith ina dhuine aerach nó trasach (gan a gcead)				

Nóta don Mhúinteoir – An ciapadh gnéasach é nó nach ea?

Is é cuspóir an chleachtaidh seo feasacht a mhúscailt ar an iliomad gníomhaíochtaí sa saol laethúil ar dócha gur ciapadh gnéasach iad, nó a d'fhéadfadh a bheith ina gciapadh gnéasach. An seasfadh cuid de na gníomhartha seo mar chiapadh gnéasach i gcúirt dlí, bhraithfeadh sin go mór ar roinnt fachtóirí comhthéacsúla, mar sin ní bhaineann an ghníomhaíocht seo le teacht ar fhreagraí cinntitheacha. Mar sin féin, ba cheart do dhaltáí an ghníomhaíocht a fhágáil le feasacht mhéadaithe a bhaineann le corp duine, gothaí a dhéanamh air nó labhairt faoi ar bhealach gnéasach gan a dtoiliú; ráitis ghnéis nó jócanna grinn a dhéanamh in áiteanna mí-oiriúnacha ar nós na scoile nó an ionaid oibre; labhairt go poiblí faoi ghnéaschlaonadh nó faoi chleachtais ghnéis duine, etc., is rudaí iad ar dócha gur ciapadh gnéasach a bheadh ann, cibé acu a ionchúisítear iad nó nach n-ionchúisítear.

Trí phlé a dhéanamh ar na hiompraíochtaí atá liostaithe ar an mbileog oibre (agus d'fhéadfadh samplaí réidhe d'iompraíochtaí eile a bheith ag na daltaí), tabharfar deis do dhaltáí machnamh a dhéanamh ar a n-iompar féin, agus ar iompar daoine eile timpeall orthu, d'fhonn gníomhaíochtaí ar dócha go dtiocfaidh siad faoi chatagóir an chiaptha ghnéasaigh a sheachaint. Má tá amhras ort, moltar gan dul sa seans, agus a bheith íogair don tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag iompar duine.

Ag insint do dhuine go bhfuil cuma mhaith orthu agus a gculaith éadaigh nua orthu.	De ghnáth ní thiocfadh sin faoi réim an chiaptha ghnéasaigh. Mar sin féin, má dhéantar é seo ar bhealach gnéasach lena mbainfeadh claontagairt ghnéis nó ar bhealach a fhágann go mbraitheann an duine go bhfuiltear ag díriú air mar gheall ar a ngnéas, d'fhéadfadh sé cáiliú mar chiapadh gnéasach.
Ag déanamh jócanna gnéis os ard sa seomra ranga.	Cé go mbraitheann ciapadh gnéasach ar bhraistint an duine aonair, is rídhócha go dtiocfaidh an gníomh sin faoin gcatagóir seo toisc go bhforchuireann sé iompar gnéasach ar dhaoine eile gan a dtoiliú a d'fhéadfadh a bheith ina chúis náire, nó a chuirfeadh míchompord nó scanradh orthu. Cibé acu is ciapadh é nó nach ea, is míchuí i gcoitinne jócanna gnéis a dhéanamh ar scoil nó i suíomh oibre.
Duine éigin a iarradh amach.	De ghnáth ní thiocfadh sin faoi réim an chiaptha ghnéasaigh. Mar sin féin, dá ndéanfaí é ar bhealach lena mbainfeadh claontagairt ghnéis, nó a bheadh atriallach nó bagrach agus a chuirfeadh náire, míchompord nó eagla ar an duine, d'fhéadfadh sé a bheith ina ciapadh gnéasach.
Fead ghraosta ar dhaoine ag siúl na sráide.	Cé go mbraitheann ciapadh gnéasach ar bhraistint an duine aonair, is dócha go dtiocfaidh an gníomh sin faoin gcatagóir seo toisc go bhforchuireann sé iompar gnéasach ar dhaoine eile gan a dtoiliú a d'fhéadfadh a bheith ina chúis náire, nó a chuirfeadh míchompord nó scanradh orthu.
Snapadh a bhaint as cíochbheart duine.	Cé go mbraitheann ciapadh gnéasach ar bhraistint an duine aonair, is dócha go dtiocfaidh an gníomh sin faoin gcatagóir seo toisc nach iomchuí teagmháil neamhthoiliúil a dhéanamh le duine eile, go háirithe nuair a dhírítear í ar bhrollaigh agus ar réigiún na mball giniúna.



Nóta don Mhúinteoir – An ciapadh gnéasach é nó nach ea? Ar lean

Ráflaí a scaipeadh faoi ghníomhaíocht ghnéasach duine.	Is dócha go dtiocfaidh an gníomh sin faoi chatagóir an chiaptha ghnéasaigh toisc gur dócha go gcuirfidh ráflaí faoi shaol gnéis duine náire nó míchompord orthu nó go gcruthóidh siad timpeallacht naimhdeach ar bhealach eile.
Ag cur iallach ar dhalta a chuid obair bhaile a roinnt.	Mheasfaí gur bulaíocht seachas ciapadh gnéasach a bheadh i gceist leis sin de ghnáth.
Trácht a dhéanamh ar bhrollaigh duine.	D'fhéadfadh sé seo a bheith ina chiapadh gnéasach ag brath ar an gcaidreamh idir na daoine atá i gceist agus an comhthéacs, i.e. an trácht, cé a dúirt é agus an fáth, agus conas mar a glacadh leis. Mura bhfuil duine an-chinnté faoi mar a ghlacfar leis, trácht a dhéanamh ar chíos duine, tá an baol ann gur ciapadh gnéasach a bheadh ann agus ba cheart é a sheachaint.
Brú a chur ar dhuine éigin gabháil tharat i halla gnóthach.	Cé go mbraitheann ciapadh gnéasach ar bhraistint an duine aonair, is dócha go dtiocfaidh an gníomh sin isteach sa chatagóir seo toisc go bhféadfadh sé teagmháil phearsanta a fhorchur ar dhuine eile a d'fhéadfadh a bheith ina chúis náire, míchompordach nó eagla orthu.
Teachtaireachtaí a chur chuig páirtí arís agus arís eile i rith an lae le rá a mhéid a bhfuil dúil agat iontu	Braitheann cibé an ciapadh gnéasach é sin go mór ar an gcaidreamh, ar an minicíocht agus ar ábhar na dteachtaireachtaí, agus ar an gcaoi a nglacann an duine eile leo. Ní rud é atá le déanamh beag beann ar a fhios a bheith agat an bhfuil fáilte roimh na teachtaireachtaí nó nach bhfuil.
Ag leaindeáil ag stad an bhus gach lá chun bheith in aice le duine éigin a bhfuil dúil agat iontu.	D'fhéadfadh sé sin a bheith ina chiapadh gnéasach nó gan a bheith ina chiapadh gnéasach ag brath ar an méid a dhéantar, ar an gcaoi a ndéantar é, agus ar an tionchar ar an duine aonair (rud a fhágann go mbraitheann siad míchompordach, go mbíonn náire orthu nó go mbíonn siad scanraithe). Is dócha nach rud éigin é atá le déanamh go leanúnach gan freagra dearfach ón duine eile.
A thabhairt le fios arís agus arís eile gur chóir beirt leispiach dul ar choinne le chéile.	D'fhéadfadh sé sin a bheith ina chiapadh gnéasach mar is dócha go bhféachfar air mar thagairt ghnéasach neamh-inmhianaithe do shaol príobháideach daoine; D'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le náire, míchompord nó eagla a bheith orthu.
Lámh a chur ar chos duine le linn comhrá.	D'fhéadfadh sé sin a bheith ina chiapadh gnéasach ag brath ar an gcaidreamh idir na daoine atá i gceist, ach go ginearálta is míchuí aon teagmháil neamh-chomhthoiliúil.
Sceitheadh a dhéanamh ar dhuine a bheith ina dhuine aerach nó trasach (gan a gcead).	Is dócha gur ciapadh gnéasach é sin toisc go ndéantar tagairt ann do ghnéasacht duine gan a dtoiliú, ar bhealach a d'fhéadfadh náire, míchompord nó eagla a chur orthu.

Samhail ‘Na Trí M’ den Idirghabháil Chiaptha Ghnéis

Malairt Slí

Bealach chun idirghabháil a dhéanamh sa scéal, agus ar bealach é a mbaineann riosca níos ísle leis agus nach mbaineann achrann leis, chun tacú leis an duine atá, nó a d’fhéadfadh a bheith, á chiapadh, is ea malairt slí a chur ar dhuine díobh.

Féadfaidh tú iarracht a dhéanamh an duine atá ionsaitheach go gnéasach a chur ar mhalairtí slí, nó is féidir leat an t-íospartach ionchasach a chur ar mhalairt slí. Slí amháin nó slí eile, is é an aidhm atá agat staid a stopadh ó dhul in olcas. D’fhéadfá tú féin a chur isteach sa chomhrá, mar shampla: ‘Nach tú cara Eoin?’ nó ‘Cá bhfaighidh mé an bus chuig...?’. D’fhéadfadh sé sin am a thabhairt duit seiceáil leis an íospartach ionchasach agus a fhiafraí an bhfuil fadhb ann, nó díreach deis a thabhairt dóibh imeacht.

Mínigh

Bíonn amanna ann, mar gheall ar an riosca sábháilteachta, nó infhaighteacht daoine atá i riocht níos fearr ná tusa rud éigin a dhéanamh, is fearr míniú do dhaoine eile faoin idirghabháil atá le déanamh. I gcás mar shampla, i mbeár nó i gclub oíche d’fhéadfá iarraidh ar bhall foirne seiceáil a dhéanamh ar dhuine a mheasann tú a bheith leochaileach.

Uaireanta nuair nach bhfuil aithne agat ar an íospartach ná ar an mí-úsáideoir, d’fhéadfadh cairde na ndaoine lena mbaineann a bheith i riocht níos fearr chun rud éigin a dhéanamh. D’fhéadfá a rá leo, ‘Táim buartha faoin duine sin. An mbeifeá in ann an cás a sheiceáil isteach?’

Tábhachtach: Cuir fios ar na Gardaí más dóigh leat gur i gcás dainséarach atá tú.

Modh Díreach

Uaireanta b’fhéidir go mbeidh ort cur chuige díreach a dhéanamh i leith an íospartaigh fhéideartha nó an mhí-úsáideora fhéideartha.

B’fhéidir gur leor teanga choirp a úsáid chun do mhíshástacht agus d’imní a thaispeáint faoina bhfuil ar siúl. D’fhéadfá é sin a dhéanamh trí bheith ag féachaint agus á dhéanamh soiléir go bhfuil tú ag coinneáil súil ar an gcás.

Má tá rud le rá nó rud le déanamh, níor chóir é a bheith foréigneach, mar ba mhaith leat a bheith ag cur tú féin agus an t-íospartach féideartha i mbaol.

Féadfaidh tú fiafraí den duine a bhfuil imní ort faoi an bhfuil siad ceart go leor, agus is féidir leat tairiscint a dhéanamh tacsáí a fháil dóibh nó bealach sábháilte abhaile a fháil. Is féidir leat a rá leis an mí-úsáideoir fhéideartha go bhfuil tú inníoch faoin íospartach fhéideartha, nó go bhfuil tú míchompordach iad a fhágáil ina n-aonar sa chás sin.

Tábhachtach: Ná cuir tú féin i mbaol riamh má cheapann tú go bhfuil baol foréigin ann. Faigh cabhair ó dhuine fásta iontaofa.

Foinse: Is anseo a fuarthas agus cuireadh in oiriúint an t-ábhar sin: <https://www.gov.ie/en/publication/ea0f39-how-to-https://www.gov.ie/en/publication/ea0f39-how-to-help-and-become-an-ally/>



Cásanna ciaptha ghnéasaigh

Cás 1

Tá duine de do ghrúpa cairde i gcaidreamh le breis agus sé mhí. Déanann cara eile tráchtanna gnéis go leanúnach faoin gcaidreamh agus cuireann siad míchompord ar do chara ar ndóigh.

Conas a d'fhéadfá idirghabháil a dhéanamh?

- Roghnaigh an straitéis 'M' is fearr a d'oibreodh sa chás sin, dar leat.
- Déan cur síos ar cad ba mhaith leat a rá nó a dhéanamh.
- Cad é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ann?
- Cad a d'fhéadfá a dhéanamh mura n-oibreodh an idirghabháil?

Cás 2

Cailín i do bhliainghrúpa, 'tháinig sí amach' ar scoil. Tá tú sa seomra folctha ar scoil agus feiceann tú duine ag scríobh tuairimí gnéis fúithi ar chúl dorais.

Conas a d'fhéadfá idirghabháil a dhéanamh?

- Roghnaigh an straitéis 'M' is fearr a d'oibreodh sa chás sin, dar leat.
- Déan cur síos ar cad ba mhaith leat a rá nó a dhéanamh.
- Cad é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ann?
- Cad a d'fhéadfá a dhéanamh mura n-oibreodh an idirghabháil?

Cás 3

Tá duine a bhfuil aithne agat air ag seoladh íomhánna gnéis chuig buachaill sa 5ú Bliain le haghaidh gáire, mar is eol dóibh go bhfuil sé ag cur isteach air.

Conas a d'fhéadfá idirghabháil a dhéanamh?

- Roghnaigh an straitéis 'M' is fearr a d'oibreodh sa chás sin, dar leat.
- Déan cur síos ar cad ba mhaith leat a rá nó a dhéanamh.
- Cad é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ann?
- Cad a d'fhéadfá a dhéanamh mura n-oibreodh an idirghabháil?

Cás 4

Tá cluiche peile á imirt agat agus cloiseann tú duine de do chairde foirne ag tabhairt masla homafóbach ar dhuine den fhoireann eile.

Conas a d'fhéadfá idirghabháil a dhéanamh?

- Roghnaigh an straitéis 'M' is fearr a d'oibreodh sa chás sin, dar leat.
- Déan cur síos ar cad ba mhaith leat a rá nó a dhéanamh.
- Cad é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ann?
- Cad a d'fhéadfá a dhéanamh mura n-oibreodh an idirghabháil?



Cásanna ciaptha ghnéasaigh ar lean

Cás 5

Tá tú i do phost páirtaimseartha agus tugann tú faoi deara go bhfuil an bainisteoir tar éis teagmháil a dhéanamh le duine de do chomhoibrithe nua gan ghá, ag ainliú os a gcionn agus iad ag obair. Is léir go bhfuil do chomh-oibrí míchompordach.

Conas a d'fhéadfá idirghabháil a dhéanamh?

- Roghnaigh an straitéis 'M' is fearr a d'oibreodh sa chás sin, dar leat.
- Déan cur síos ar cad ba mhaith leat a rá nó a dhéanamh.
- Cad é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ann?
- Cad a d'fhéadfá a dhéanamh mura n-oibreodh an idirghabháil?

Cás 6

Chonaic tú cailín ag stad an bhus a raibh gáir mhagaidh á déanamh uirthi ag grúpa buachaillí óga agus iad ag tabhairt ainmneacha uirthi. Conas a d'fhéadfá idirghabháil a dhéanamh?

- Roghnaigh an straitéis 'M' is fearr a d'oibreodh sa chás sin, dar leat.
- Déan cur síos ar cad ba mhaith leat a rá nó a dhéanamh.
- Cad é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ann?
- Cad a d'fhéadfá a dhéanamh mura n-oibreodh an idirghabháil?

Cás 7

Feiceann tú gang leaideanna ina seasamh faoin staighre ar scoil ag féachaint suas sciortaí na ndaltaí baineanna agus ag glacadh grianghraif.

Conas a d'fhéadfá idirghabháil a dhéanamh?

- Roghnaigh an straitéis 'M' is fearr a d'oibreodh sa chás sin, dar leat.
- Déan cur síos ar cad ba mhaith leat a rá nó a dhéanamh.
- Cad é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ann?
- Cad a d'fhéadfá a dhéanamh mura n-oibreodh an idirghabháil?

Cás 8

Tá cluiche peile á imirt agat agus cloiseann tú duine de do chairde foirne ag tabhairt masla homafóbach ar dhuine den fhoireann eile.

Conas a d'fhéadfá idirghabháil a dhéanamh?

- Roghnaigh an straitéis 'M' is fearr a d'oibreodh sa chás sin, dar leat.
- Déan cur síos ar cad ba mhaith leat a rá nó a dhéanamh.
- Cad é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ann?
- Cad a d'fhéadfá a dhéanamh mura n-oibreodh an idirghabháil?





Gníomhaíocht 4 - Tionchar an chultúir choitinn (TF 3.10)

Sa ghníomhaíocht seo pléifidh an dalta tionchar an chultúir choitinn ar thuiscint agus ar ionchais daoine óga maidir le caidrimh agus gnéasacht, trí scrúdú a dhéanamh ar rogha liricí amhrán agus físeán ceoil. Is é an aidhm atá ann feasacht na ndaltaí a fhorbairt maidir leis na tionchair a mhúnlaíonn iad, agus scileanna smaointeoireachta criticiúla agus ceistiúcháin a fhorbairt ar féidir iad a chur i bhfeidhm agus meáin choitinn á dtabhairt isteach.

Nóta don Mhúinteoir

Gach lá, is féidir le daoine óga a bheith faoi lé raon leathan tionchair i ndáil le caidreamh collaí agus gnéasacht. Tá siad leochaileach go háirithe ina ndéagóirí luatha, nuair a bhíonn ról agus dearchthaí inscne maidir le gnéas, gnéasacht agus caidrimh á bhfoirmiú. In go leor liricí amhrán, físeáin, físchluichí, cláir agus scannáin sna meáin shóisialta, léirítear caidrimh agus iompar gnéasach ar bhealach a d'fhéadfadh gan bheith ag teacht leis na luachanna atá ag daoine óga, ná leis an méid ba mhaith leo i gcaidreamh. Tá sé tábhachtach deiseanna a chur ar fáil do dhaoine óga chun na luachanna agus na teachtaireachtaí a léirítear sa phopchultúr a mheas agus a cheistiú, toisc go dtugann sé deis dóibh machnamh a dhéanamh ar a ndearchthaí agus a luachanna féin maidir le caidrimh agus gnéasacht.

Le popchultúr bítear ag tagairt do tháirgí cultúrtha a chaitheann formhór na ndaoine — áirítear leis ceol, ealaín, cluichí, faisean, scannáin, teilifís, raidió, etc. Is féidir le popchultúr tionchar a imirt ar ár ndearchthaí, ár n-iompraíochtaí agus ár noirm shóisialta agus iad a mhúnú.

Agus an t-ábhar seo á phlé tá deis ann naisc a dhéanamh le plé a rinneadh cheana sa seomra ranga a bhaineann le noirm shóisialta agus steiréitíopaí inscne. Mar shampla, is féidir leis an bpopchultúr steiréitíopaí a threisiú nó dúshlán a thabhairt dóibh, m.sh. tríd an léiriú a dhéantar ar dhaoine aonair LGBTQ+, daoine faoi mhíchumas, éagsúlacht inscne, cine, etc., nó a ndofheictheacht ar fad.

Tá an ceacht seo frámaithe timpeall ar thrí phop-amhrán. Ní popamhráin de chuid ar líne iad ach roghnaíodh iad mar shamplaí de chineálacha éagsúla teachtaireachtaí faoi chaidrimh atá coitianta sa chultúr coiteann, chun plé agus smaointeoireacht chriticiúil a spreagadh. Is é an rún gan a mholadh go bhfuil aon amhrán amháin ina thionchar suntasach, ach feasacht a ardú ar an éifeacht charnach is féidir a bheith ag roinnt teachtaireachtaí agus íomhánna coiteanna a thógaimid isteach ón bpopchultúr, go minic gan smaoineamh comhfhiosach.

Nóta: Ba chóir réamhamharc a thabhairt ar gach liric amhráin agus físeáin maidir le hoiriúnacht do do dhaltáí agus do chomhthéacs scoile. Is féidir leat amhráin eile a roghnú chun críche anailíse criticiúla.

Céim 1: Pléimis popcheol

Mínigh go bhféachfaidh rang an lae inniu ar thionchar an chultúir choitinn ar thuiscint agus ionchais daoine óga maidir le caidrimh agus gnéasacht, trí scrúdú a dhéanamh ar roinnt samplaí ón gceol pobail. Is é sin le rá, táimid ag cur na ceiste, ‘An mbíonn tionchar ag popcheol ar an gcaoi a smaoiníonn agus a ngníomhaíonn daoine óga?’

Nóta don Mhúinteoir

Is féidir an t-ord ina ndéantar Céim 1 agus Céim 2 a mhalartú má bhraitheann tú go gcuirfeadh sé le rannpháirtíocht ó do rang.

Is féidir liricí amhráin as na trí amhrán shamplacha a chóipeáil le húsáid sa seomra ranga. Féach leathanaigh 35, 36 agus 37. D’fhéadfaí roghanna eile a úsáid de réir mar is cuí do do dhaltaí agus don scoil. I gceachtar cás, is gnách go leor sleachta de liricí agus d’fhíseáin a roghnaíodh go cúramach chun tacú le plé criticiúil.

Roinn an rang i sé ghrúpa agus tabhair sraith liricí do gach grúpa; agus bain úsáid as trí amhrán éagsúla a chiallaíonn go mbeidh gach amhrán á bplé ag dhá ghrúpa. Iarr ar gach grúpa tuairisceoir a cheapadh a roinnfidh torthaí an ghrúpa leis an rang ar fad.



Taispeáin nó scaip **Bileog Eolais: Pléimis popcheol**. Iarr ar an rang na ceistanna a phlé ina ngrúpaí.

Ba cheart dóibh ansin a bplé a úsáid chun achoimre a dhéanamh ar thuairim a ngrúpa agus tuairisc a thabhairt uirthi.

Tabhair faoi deara roinnt pointí tábhachtacha ar an gclár.

Céim 2: Popcheol trí lionsa an cheamara

Sa chuid seo den tasc breathnóidh daltaí go criticiúil ar an mbealach a léiríonn físeáin cheoil caidrimh agus gnéas.



Ag fanacht ina ngrúpaí beaga, iarr ar na daltaí féachaint ar an bhfíseán ceoil a táirgeadh le haghaidh an amhráin a phléigh siad i gCéim 1.

Taispeáin **Bileog Oibre: Popcheol tríd an lionsa ceamara** agus iarr ar na daltaí na ceistanna a phlé ina ngrúpaí.

(Má tá srian ar rochtain ar an idirlíon, is féidir an cleachtadh a dhéanamh mar rang iomlán, iad ag breathnú agus ag plé gach físeáin go seicheamhach).



Taylor Swift – You Belong With Me (Fad: 3 nóiméad, 8 soicind). Cóipcheart (C) 2009 Big Machine Records.

James Arthur – Say You Won't Let Go (Fad: 3 nóiméad, 30 soicind. Moltar é a ghearradh ag 2 nóiméad, 30 soicind). Cóipcheart (C) 2016 Columbia Records.

Robin Thicke – Blurred Lines (Fad: 4 nóiméad, 31 soicind. Moltar é a ghearradh ag 1 nóiméad, 24 soicind). Cóipcheart (C) 2013 Star Trak Recordings agus Interscope Records.

Pointí molta plé

- An gceapann tú go bhféadfadh tionchar a bheith ag an gceol pobail ar ionchais faoi chaidrimh agus iompar gnéasach? Cad iad na bealaí ina bhféadfadh sé sin a bheith dearfach? Cad iad na bealaí ina bhféadfadh sé sin a bheith diúltach?
- Cén chaoi a dtéann léiriú na gcaidreamh ar an scáileán i bhfeidhm ar dhéagóirí, dar leat? An bhfuil tionchar aige ar a n-ionchais maidir le caidrimh?
- An gceapann tú go gcuireann an cultúr coiteann le brú ar dhéagóirí a bheith i gcaidreamh nó go mbraitheann siad gur chóir dóibh iad féin a iompar nó a ghléasadh ar bhealach gnéasach?
- Cad iad na cineálacha daoine atá le feiceáil go coitianta sa phopchultúr (*m.sh. daoine atá dathúil, caol, ar a lánchumas, raon teoranta eitneachais ina measc, etc.*) agus cad atá ar iarraidh?

Spreag na daltaí chun na ceisteanna criticiúla céanna agus na scileanna smaointeoireachta criticiúla céanna a chuir siad i bhfeidhm inniu a chur i bhfeidhm ar chineálacha eile cultúir choitinn a bhíonn acu amach anseo. Cuir in iúl go láidir go dtéann an scil seo níos faide ná an popcheol ach go dtéann sí chuig na meáin go léir.

Céim 3: Machnamh aonair (mar thúsphointe don chéad ghníomhaíocht eile)

Iarr ar na daltaí smaoineamh agus nóta a dhéanamh ina gcóipleabhar OSPS nó ina n-irisleabhar faoi aon sampla sonrach ón bpopchultúr a mhúnlaigh a n-ionchais féin nó ionchais a bpiaraí faoi chaidrimh agus gnéasacht. Cad iad na teachtaireachtaí a bhí á gcur chun cinn acu agus cén éifeacht a bhí acu?

Nóta don Mhúinteoir – Popcheol tríd an lionsa ceamara

Leideanna chun tacú le plé sa seomra ranga

You belong with me

Agus iad ag tuairisciú ar ais óna bpléghrúpa, tabhair faoi deara an luann na daltaí an méid seo a leanas: steiréitíopa an chailín dheis i gcoinne an chailín ghránna (*m.sh. tá cailín ciúin na spéaclaí éadmhar agus chun an buachaill a fháil tá uirthi dul san iomaíocht leis an gcailín galánta a bhfuil tóir uirthi ach nach bhfuil deas*); chun aird a tharraingt uirthi féin, caithfidh cailín athrú a dhéanamh ar an gcuma atá uirthi; tá sé de chumhacht ag an mbuachaill rogha a dhéanamh agus is aige a bhíonn an focal scoir; mar mhalairt air sin, is furasta ag na mná ionramháil a dhéanamh ar bhuachaillí chun a gcuid ceana a thuilleamh.

Say you won't let go

Agus iad ag tuairisciú ar ais óna bplé grúpa, tabhair faoi deara an luann na daltaí conas a léiríonn an fiseán mothúcháin dhoimhne an ghrá a bhfuil súil ag James Arthur go mairfidh sé go deo, ach é go fóill neamhchinnte agus eaglach nach mairfidh an grá céanna. Iarr orthu léiriú dearfach an ghrá, an chúraim agus an tiomantais a thabhairt faoi deara. Pléigh an chaoi a ndéantar cur síos ar chéad chruinniú na lánúine san amhrán. Aon chlog aláraim? (*m.sh. dul ar meisce agus dul abhaile le duine nach bhfuil aithne agat air/uirthi*).

Blurred lines

Tabhair faoi deara an mbreathnaíonn na daltaí ar an gcaoi a bhfuil na fir go léir clúdaithe go hiomlán (i gcultacha cliste) agus na mná clúdaithe go lom. Cad a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis seo ó thaobh cé aige a bhfuil cumhacht agus cé atá leochaileach? Cén lua a dhéantar ar na mná san amhrán? Cad iad na steiréitíopaí inscne atá le feiceáil? (*m.sh. mná mar nithe éighníomhacha agus géilliúla de mhian na bhfear*). Cad é an bhrí atá le 'blurred lines', i.e., 'línte doiléire' (*m.sh. ligeann mná orthu féin nach bhfuil siad 'á iarraidh' ach iad 'á iarraidh' dáiríre, i.e. nuair a dhiúltaíonn siad don ghnéas, is glacadh le caidreamh collaí a bhíonn i gceist acu. Áitítear gur féidir le mianta nó dúile na mban a bheith mearbhlach nó 'doiléir'*). Conas a bhaineann sé sin le teachtaireachtaí maidir le toiliú?



Taylor Swift – You Belong With Me (sliocht)

You're on the phone with your girlfriend, she's upset
She's going off about something that you said
'Cause she doesn't get your humour like I do
I'm in the room, it's a typical Tuesday night
I'm listening to the kind of music she doesn't like
And she'll never know your story like I do

But she wears short skirts, I wear T-shirts
She's Cheer Captain and I'm on the bleachers
Dreaming 'bout the day when you wake up and find
That what you're looking for has been here the whole time

If you could see that I'm the one who understands you
Been here all along, so why can't you see?
You belong with me, you belong with me.

Walking the streets with you and your worn-out jeans
I can't help thinking this is how it ought to be
Laughing on a park bench, thinking to myself
Hey, isn't this easy?
And you've got a smile that could light up this whole town
I haven't seen it in a while since she brought you down
You say you're fine, I know you better than that
Hey, whatcha doing with a girl like that?

She wears high heels, I wear sneakers
She's Cheer Captain and I'm on the bleachers
Dreaming 'bout the day when you wake up and find
That what you're looking for has been here the whole time



James Arthur – Say You Won't Let Go (sliocht)

I met you in the dark
You lit me up
You made me feel as though
I was enough
We danced the night away
We drank too much
I held your hair back when
You were throwing up

Then you smiled over your shoulder
For a minute, I was stone cold sober
I pulled you closer to my chest
And you asked me to stay over
I said, I already told ya
I think that you should get some rest

I knew I loved you then
But you'd never know
'Cause I played it cool
When I was scared of letting go
I knew I needed you
But I never showed
But I wanna stay with you
Until we're grey and old
Just say you won't let go
Just say you won't let go

I'll wake you up with some breakfast in bed
I'll bring you coffee
With a kiss on your head
And I'll take the kids to school
Wave them goodbye
And I'll thank my lucky stars for that night

When you looked over your shoulder
For a minute, I forget that I'm older
I wanna dance with you right now, oh
And you look as beautiful as ever
And I swear that everyday you'll get better
You make me feel this way somehow

I'm so in love with you
And I hope you know
Darling your love is more
Than worth its weight in gold
We've come so far my dear
Look how we've grown
And I wanna stay with you
Until we're grey and old
Just say you won't let go
Just say you won't let go





Blurred Lines – Robin Thicke (sliocht)

If you can't hear what I'm trying to say (Hey girl, come here!)

If you can't read from the same page (Hey)

Maybe I'm going deaf (Hey, hey, hey)

Maybe I'm going blind (Hey, hey, hey)

Maybe I'm out of my mind (Hey, hey, hey)

Everybody get up

Okay, now he was close

Tried to domesticate you

But you're an animal

Baby, it's in your nature (Meow)

Just let me liberate you (Hey, hey, hey)

You don't need no takers (Hey, hey, hey)

That man is not your maker (Hey, hey, hey)

And that's why I'm gon' take a (Everybody get up)

I hate these blurred lines

I know you want it (Hey)

I know you want it (Oh yeah)

I know you want it

But you're a good girl

The way you grab me

Must wanna get nasty

Go ahead, get at me

Everybody get up (Come on!)

Good girl

I know you want it (Hey)

I know you want it

I know you want it

You're a good girl

Can't let it get past me

You're far from plastic (Alright)

Talkin' 'bout getting blasted





Bileog Oibre: Pléimis popcheol

Léigh trí do liricí amhráin agus pléigh na ceisteanna seo i do ghrúpa.

Ceap tuairisceoir a roinnfidh torthaí an ghrúpa leis an rang ar fad.

1. Cad é teachtaireacht iomlán an amhráin?


2. Conas a dhéanfa cur síos ar an gcaidreamh a bhfuil an t-ealaíontóir sin ag canadh faoi?

3. Cad iad na teachtaireachtaí a d'fhéadfadh duine a thabhairt leo amach as an amhrán sin faoi chaidrimh agus gnéas?

Bunaithe ar an bplé a rinne tú ar na ceisteanna thuas, déan achoimre ar thuairimí do ghrúpa maidir leis an méid seo a leanas:

An cineál caidrimh atá i gceist leis an amhrán sin.

An teachtaireacht atá á cur amach ag an amhrán?



Bileog Oibre: Popcheol trí lionsa an cheamara

Féach ar an bhfíseán ceoil a táirgeadh don amhrán a sannadh duit. Pléigh na ceisteanna thíos i do ghrúpa agus déan nóta de roinnt pointí faoi gach ceann acu, chun aiseolas a fháil don rang.

Cad a thugann tú faoi deara faoin gcaoi a léirítear fir agus mná san fhíseán seo?

Conas a dhéanfaí cur síos ar na caidrimh — sláintiúil/cúramúil nó míshláintiúil/díobhálach?

An bhfuil an chumhacht chéanna ag na carachtair?

Is féidir leis an gcultúr coiteann steiréitíopaí a threisiú. Ar thug tú faoi deara aon steiréitíopa ar leith san fhíseán ceoil ar bhreathnaigh tú air?

Gníomhaíocht 5 – Pornagrafaíocht: Cén dochar? (TF 3.10)

Sa ghníomhaíocht seo, pléfidh daltaí an fáth a bhfuil imní ag dul i méid faoi éifeachtaí díobhálacha na pornagrafaíochta, go háirithe má fhéachann déagóirí uirthi ag an gcéim seo dá bhforbairt.

Tá sé tábhachtach an nóta don Mhúinteoir a léamh go cúramach sula dtéann tú ar aghaidh le gníomhaíocht an ranga.

Nóta don Mhúinteoir

Céard is pornagrafaíocht ann?

Is gnách i sainmhínithe foclóra ar an bpornagrafaíocht go sainmhínítear í mar léirithe ar ghníomhartha gnéis chun spreagadh gnéasach a chruthú. Ní dhéanann an sainmhíniú sin cur síos leordhóthanach ar an bpornagrafaíocht inniu, a tháinig chun cinn go pointe ina léiríonn beagnach 90 % den phornagrafaíocht atá ar fáil saor in aisce foréigean fisiceach agus ionsaí ó bhéal.

Léiríonn an chuid is mó den phornagrafaíocht inniu ísliú na mban agus ceannas na bhfear agus normalaíonn sé gníomhartha foréigneacha agus táireacha, lena n-áirítear tachtadh agus léasadh. Agus plé á dhéanamh ar na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh ag an bpornagrafaíocht, tá an fócas ar léirithe gnéis a léiríonn gníomhartha dídhonnaithe agus foréigneacha. Dá bhrí sin, ní mór idirdhealú a dhéanamh idir an phornagrafaíocht agus íomhánna gairsiúla eile atá earótach sa nádúr..

Príomhtheachtaireachtaí le cumarsáid a dhéanamh agus tú ag múineadh faoin bpornagrafaíocht

- Tá cónaí orainn i ndomhan atá ag éirí níos gnéasaithe, timpeallaithe ag íomhánna agus teachtaireachtaí gnéis. Bíonn tionchar ag na híomhánna agus na teachtaireachtaí seo orainn go léir, agus go háirithe ógánaigh atá ag forbairt a dtuiscint ar ghnéasacht agus ar chaidrimh.
- Agus an phornagrafaíocht á plé, seachain cur chuige a dhéanann an phornagrafaíocht a normalú (fiú go neamhbheartaithe). D'áireofaí leis sin an moladh go bhfaca gach duine an phornagrafaíocht.
- Admhaigh, gan breithiúnas, go bhféadfadh sé nó nach bhféadfadh sé go bhfuil daltaí tar éis féachaint ar an bpornagrafaíocht agus seachain náire a chur ar dhaltaí.
- Cé gur gnáthrud é a bheith fiosrach faoin ngnéas, dearbhaigh nach áit mhaith í an phornagrafaíocht le foghlaim faoin ngnéas mar nach léiríonn sí caidreamh collaí sláintiúil agus go bhféadfadh sí a bheith suaiteach agus fiú damáiste fadtéarmach a dhéanamh do dhaoine óga.
- Is gnó é an Phornagrafaíocht atá tiomáinte ag an gcúis le hairgead a dhéanamh. Tá ioncam de bheagnach \$ 100 billiún ag an tionscal ar fud an domhain. Chun spéis daoine a chothú, ní mór dó leanúint d'ábhar níos foircní a bhrú amach. Spreag daltaí chun smaoineamh ar cé a bhaineann tairbhe as an tionscal pornagrafaíochta agus cé atá ag íoc an phraghais.



Nóta don Mhúinteoir ar lean

Cé go mbaineann dochar suntasach le táirgeadh na pornagrafaíochta agus an tionscal féin, féach gur ar thomhaltas na pornagrafaíochta fócas an cheachta seo, conas a chuireann sé le normalú an fhoréigin in aghaidh na mban, agus conas is féidir leis dul i bhfeidhm ar chumas duine caidreamh gnéasach sláintiúil measúil a bheith aige.

Féach [Uirlisí OSPA na Sraithe Sóisearaí de chuid CNCM](#) chun treoir bhreise a fháil agus an topaic seo á múineadh.

Réamhrá

Tabhair an ceacht seo isteach trína chur i gcuimhne do dhaltáí go bhfuil ficsean á dhíol linn ag an bpopchultúr — bíodh sé ina fhicsean den rómánsaíocht síscéil nó ina fhicsean den phornagrafaíocht. Sa dá cheann, feicimid léirithe ar chaidreamh collaí agus ar chaidrimh nach bhfuil fíorúil. Dá bhrí sin, is gá breathnú go criticiúil ar an méid a bhféadfaimis a bheith a thabhairt isteach.

Tá cónaí orainn i ndomhan atá sáithithe le híomhánna gnéis. Mar chéad chéim, iarr ar dhaltáí, i mbeirteanna, liosta a tharraingt suas de na háiteanna a dtagaimid ar íomhánna gnéis ar bhonn laethúil (d'fhéadfadh teilifís, físeáin cheoil, cluichí físeáin, na meáin shóisialta, irisí, fógraí, etc. a bheith san áireamh sna freagraí)

Soiléirigh go ndíreoidh na daltaí sa chleachtadh seo ar an bhforoinn de na meáin a shainmhínítear mar an 'pornagrafaíocht'. Mínigh gur focal é an phornagrafaíocht ar athraigh a brí. Roimhe seo sainmhíníodh é mar léirithe ar ghníomhartha gnéis a bhí dírithe ar spreagadh gnéasach a chruthú. Mar sin féin, ní chuireann an sainmhíniú seo san áireamh formhór na pornagrafaíochta atá ar fáil go saor inniu, atá níos crua ná mar a bhí san am atá thart agus atá ag éirí níos foréigní agus níos foircní riamh. Tá sé sin ar cheann de na cúiseanna a bhfuil an phornagrafaíocht anois ina ábhar imní domhanda. Mínigh go bhfuil sibh, mar rang, chun scrúdú a dhéanamh ar an bhfáth gur ábhar mór imní í an phornagrafaíocht agus go mbeidh tú ag fiafraí: Cad í an fhadhb? Cad é an tionchar a bhíonn le bheith ag féachaint ar an bpornagrafaíocht, go háirithe i gcás daoine óga?

Céim 1: Ag plé na rioscaí

Tabhair isteach an chéad ghníomhaíocht tríd an méid seo a leanas a roinnt:

Fuair suirbhé ar leanaí agus déagóirí Éireannacha go bhfaca 53 % de bhuachaillí agus 23% de chailíní pornagrafaíocht den chéad uair idir 10 agus 13 bliana d'aois. (Tuarascáil ar an bPornagrafaíocht, NUIG, 2018).

Tobsmainteoireacht mar rang:

'Cad iad na cúiseanna a bhféadfadh leanaí chomh hóg le 11 nó 12 bliana d'aois breathnú ar an bpornagrafaíocht?' (*m.sh. trí thimpiste, fiosracht orthu a fháil amach cén chuma a bhíonn ar chaidreamh collaí a dhéanamh, le haghaidh na sceitimíní, d'fhéadfadh duine é a roinnt gan an leanbh a bheith á iarraidh*). Tabhair faoi deara na freagraí ar an gclár.

Ós rud é go bhfaightear amach tríd an taighde gurb é an chúis is mó a bhféachann daoine óga ar an bpornagrafaíocht ná foghlaim faoin ngnéas, sa chéad ghníomhaíocht, cuirtear an cheist, 'Cad iad na rioscaí a bhaineann leis an bpornagrafaíocht?'

Céim 2: Féachaint ar an bhfianaise

